Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7371/22**

| | |
|---|---|
| **COPS 130** | **PROCIV 36** |
| **POLMIL 72** | **ESPACE 27** |
| **EUMC 95** | **POLMAR 26** |
| **CSDP/PSDC 155** | **MARE 24** |
| **CFSP/PESC 394** | **COMAR 23** |
| **CIVCOM 50** | **COMPET 165** |
| **RELEX 373** | **IND 77** |
| **JAI 371** | **RECH 144** |
| **HYBRID 27** | **COTER 79** |
| **DISINFO 24** | **POLGEN 41** |
| **CYBER 87** | **CSC 111** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, mar a d'fhormheas an Chomhairle é ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Márta 2022.

# Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint

## D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta

### ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Toisc cogadh a bheith ar siúl arís san Eoraip, toisc an fhogha mhíleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, mar aon le mórathruithe geopholaitiúla, tá dúshlán á thabhairt faoinár gcumas ár bhfís a chur chun cinn agus ár leasanna a chosaint.** Táimid ag maireachtáil i ré iomaíochta straitéisí agus cibearbhagairtí casta. Feictear dúinn go bhfuil méadú ag teacht ar choinbhleachtaí, ar neartú agus ar fhoghanna míleata agus ar fhoinsí éagobhsaíochta inár gcomharsanacht féin agus níos faide i gcéin, a bhfuil fulaingt mhór dhaonnúil agus easáitiú mar thoradh orthu. Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht agus ar thionchar na mbagairtí hibrideacha. Tá níos mó coinbhleachta i gceist leis an idirthuilleamaíocht i gcónaí agus tá an chumhacht bhog á húsáid mar uirlis troda: is uirlisí iomaíochta polaitiúla iad vacsaíní, sonraí agus caighdeáin teicneolaíochta. Is mó agus is mó an rochtain ar an mórmhuir, ar an gcianspás agus ar an timpeallacht dhigiteach á gconspóid. Feictear dúinn go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí ar chomhéigean eacnamaíoch agus fuinnimh. Thairis sin, is minic gur measa a bhíonn coinbhleachtaí agus éagobhsaíocht mar gheall ar éifeacht iolraitheora bagairtí an athraithe aeráide.

**Tá an tAontas Eorpach níos aontaithe ná riamh. Táimid tiomanta ord slándála na hEorpa a chosaint.** Ba cheart ceannasacht, iomláine chríochach agus neamhspleáchas laistigh de theorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú go hiomlán. Agus sinn ag tacú leis an Úcráin agus aghaidh á tabhairt aici ar an bhfogha míleata atá á thabhairt ag an Rúis, tá **rún níos daingne ná riamh cheana á léiriú againn chun an tsíocháin a athbhunú san Eoraip, in éineacht lenár gcomhpháirtithe.** Ach an tAontas a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. Agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus iad siúd a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, lena n-áirítear prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus uathriail chinnteoireachta an Aontais, is den ríthábhacht dár tslándáil fhoriomlán an caidreamh trasatlantach agus an comhar idir an tAontas agus ECAT. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn aige a thacaíocht a threisiú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. Ina theannta sin, déanfaidh sé a chomhpháirtíocht straitéiseach le ECAT a atreisiú agus cuirfidh sé lena chomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, lena n-áirítear ESCE, an tAontas Afracach agus ASEAN.

**Mar gheall ar an timpeallacht slándála níos naimhdí, ní mór dúinn mórathrú a dhéanamh agus cur lenár n-acmhainneacht agus lenár dtoilteanas gníomhú, ár n-athléimneacht a neartú agus dlúthpháirtíocht agus cúnamh frithpháirteach a áirithiú.** Léirítear an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit in Airteagal 42(7) CAE. Ní mór don Aontas cur lena láithreacht, a éifeachtacht agus a infheictheacht ina chomharsanacht féin agus ar an leibhéal domhanda trí iarrachtaí comhpháirteacha agus infheistíochtaí comhpháirteacha. Le chéile, is féidir linn cabhrú chun an todhchaí dhomhanda a mhúnlú trí ghníomh straitéiseach a dhéanamh. Ní mór dúinn gníomhú mar ghníomhaí polaitiúil láidir comhleanúnach chun seasamh leis na luachanna agus na prionsabail is bonn lenár ndaonlathas, níos mó freagrachta a ghlacadh as slándáil na hEorpa agus a cuid saoránach agus tacú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, lena n-áirítear slándáil an duine, i gcomhar le comhpháirtithe, agus cáilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe á haithint againn ag an am céanna.

Leis an gCompás Straitéiseach, bunaítear ardleibhéal uaillmhéine dár gclár oibre maidir le slándáil agus cosaint tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. **Measúnú comhpháirteach** a chur ar fáil ar **ár dtimpeallacht straitéiseach**, ar na bagairtí agus na dúshláin atá romhainn agus ar a n-impleachtaí ar an Aontas;
2. **Comhchuibheas níos fearr agus cuspóir coiteann an tsaoil** a thabhairt do ghníomhaíochtaí i réimse na slándála agus na cosanta atá ar siúl cheana féin;
3. **Bealaí agus modhanna nua** a leagan amach chun feabhas a chur ar ár gcumas comhchoiteann slándáil ár saoránach agus ár nAontais a chosaint;
4. **Spriocanna agus garspriocanna soiléire** a shonrú chun dul chun cinn a thomhas.

Chuige sin, táimid tiomanta tabhairt faoi na gníomhaíochtaí tosaíochta nithiúla seo a leanas i gceithre shraith oibre:

## GNÍOMHÚ

Ní mór dúinn a bheith in ann **gníomhú go mear agus go láidir** aon am a bhrisfidh géarchéim amach, le comhpháirtithe más féidir agus inár n-aonar nuair is gá. Chuige sin, déanfaimid an méid seo a leanas:

1. **Ár misin agus oibríochtaí CBSC, idir shibhialta agus mhíleata, a threisiú** trí shainorduithe níos láidre agus níos solúbtha a thabhairt dóibh, **próiseas cinnteoireachta tapa agus níos solúbtha** a chur chun cinn agus **dlúthpháirtíocht airgeadais níos fearr** a áirithiú, agus dlúthchomhar a chur cinn ag an am céanna le misin agus le hoibríochtaí *ad hoc* faoi stiúir an Aontais. Déanfaimid **CBSC sibhialtach** a neartú trí Chomhshocrú nua lena n-éascófar imscaradh níos tapúla, i dtimpeallachtaí casta freisin;
2. **Acmhainneacht mhearimscartha an Aontais** a fhorbairt, a chuirfidh ar ár gcumas suas le 5 000 trúpa a imscaradh go pras i dtimpeallachtaí neamhcheadaithe le haghaidh cineálacha éagsúla géarchéimeanna;
3. Ár **struchtúir cheannais agus rialaithe** a neartú, go háirithe an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta, agus cur lenár n-ullmhacht agus lenár gcomhar tríd an **tsoghluaisteacht mhíleata** agus **trí fhreachnaimh bheo rialta** a fheabhsú, go háirithe don Acmhainneacht Mhearimscartha.

## SLÁN

Ní mór dúinn **feabhas a chur ar ár gcumas bagairtí a thuar**, **rochtain shlán** a ráthú ar réimsí straitéiseacha agus ár **saoránaigh a chosaint**. Chuige sin, déanfaimid an méid seo a leanas:

4. Borradh a chur faoinár n-**acmhainneachtaí faisnéise**, amhail creat Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais chun feabhas a chur ar ár bhfeasacht staide agus ár bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach;
5. **Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais** a chruthú, lena dtugtar le chéile uirlisí éagsúla chun bagairtí hibrideacha a bhrath agus freagairt orthu. Sa chomhthéacs sin, forbróimid bosca uirlisí tiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar **ionramháilagus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis;**
6. **Beartas Cibearchosanta an Aontais** a fhorbairt a thuilleadh chun a bheith níos ullmhaithe do chibirionsaithe agus freagairt orthu; neart a chur lenár ngníomhaíochtaí sna réimsí muirí, aeir agus spáis, go háirithe trí **Láithreachtaí Muirí Comhordaithe a leathnú** chuig limistéir eile, ag tosú leis an Ind-Chiúin-Aigéanach, agus trí **Straitéis Spáis an Aontais um shlándáil agus cosaint** a fhorbairt.

## INFHEISTIÚ

Ní mór dúinn infheistíocht bhreise agus níos fearr a dhéanamh i g**cumais** agus i d**teicneolaíochtaí nuálacha**, bearnaí straitéiseacha a dhúnadh agus **spleáchais theicneolaíocha agus thionsclaíocha a laghdú**. Chuige sin, déanfaimid an méid seo a leanas:

7. **Níos mó infheistíochta agus infheistíocht níos fearr a dhéanamh maidir le cúrsaí cosanta agus feabhas a chur lenár bhforbairt cumas agus lenár bpleanáil** chun aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí oibríochtúla agus bagairtí agus dúshláin nua ar bhealach níos fearr;
8. Réitigh chomhchoiteanna a lorg chun na **cumasóirí straitéiseacha** is gá a fhorbairt dár misin agus dár n-oibríochtaí, chomh maith le **cumais na chéad ghlúine eile i ngach réimse oibríochtúil,** amhail ardáin chabhlaigh ardleibhéil, córais aerchomhraic sa todhchaí, cumais spásbhunaithe agus príomhthancanna catha;
9. Leas iomlán a bhaint as an mbuanchomhar struchtúrtha agus as an gCiste Eorpach Cosanta chun **cumais mhíleata cheannródaíocha** a fhorbairt go comhpháirteach agus infheistíocht a dhéanamh sa **nuálaíocht theicneolaíoch don chosaint** agus **Mol Nuálaíochta Cosanta** a bhunú laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

## OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE

Ní mór dúinn **ár gcomhar lenár gcomhpháirtithe** a neartú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin chomhchoiteanna. Chuige sin, déanfaimid an méid seo a leanas:

10. **Comhpháirtíochta straitéiseacha** le ECAT agus leis na Náisiúin Aontaithe **a threisiú** trí idirphlé polaitiúil atá níos struchtúrtha mar aon le comhar oibríochtúil agus téamach. Ina theannta sin, cuirfimid lenár gcomhar le **comhpháirtithe réigiúnacha**, lena n-áirítear an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE), an tAontas Afracach (AA) agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN);
11. Borradh a chur faoin gcomhar le **comhpháirtithe déthaobhacha** ag a bhfuil na luachanna agus na leasanna céanna, amhail na Stáit Aontaithe, an Iorua, Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus an tSeapáin. **Comhpháirtíochtaí saincheaptha** a fhorbairt sna Balcáin Thiar, i gcomharsanacht an oirthir agus an deiscirt, san Afraic, san Áise agus i Meiriceá Laidineach;
12. **Fóram de chuid an Aontais um Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta** a fhorbairt chun oibriú ar bhealach níos dlúithe agus níos éifeachtaí le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchoiteanna.

Is ar an gcúis sin a leagtar amach, leis an gCompás Straitéiseach, plean uaillmhianach, insroichte chun **ár mbeartas slándála agus cosanta a neartú** faoi 2030. Is rí-shoiléir go bhfuil gá le gníomhaíocht nua maidir le slándáil agus cosaint an Aontais: feictear le timpeallacht atá ag éirí níos naimhdí agus treochtaí geopholaitiúla níos leithne, ní mór don Aontas sciar níos mó den fhreagracht as a shlándáil féin a ghlacadh.

## RÉAMHRÁ

Tá an Compás Straitéiseach seo á ghlacadh againn tráth **a bhfuil cogadh ar ais chugainn ar thalamh na hEorpa arís**. Le seachtó bliain anuas, tá mór-ról á imirt ag an Aontas maidir leis an gcobhsaíocht ar an mór-roinn seo againne, leasanna agus luachanna na hEorpa a chur chun cinn agus cur leis an tsíocháin agus leis an tslándáil ar fud an domhain. Agus 27 mBallstát agus 450 milliún saoránach ann, is é an tAontas seo againne an margadh aonair is mó ar domhan, an comhpháirtí trádála agus infheistíochta is tábhachtaí dá bhfuil ag go leor tíortha, go háirithe inár gcomharsanacht féin, agus an fhoinse is mó cúnaimh forbartha. Leagann an tAontas caighdeáin síos agus is ceannaire comhsheasmhach é a bhíonn ag infheistiú i réitigh iltaobhacha éifeachtacha. Le linn ár misin agus ár n-oibríochtaí bainistithe géarchéime ar thrí mhór-roinn, tá sé léirithe againn go bhfuilimid réidh le rioscaí síochána a ghlacadh agus ár gcion féin de na freagrachtaí slándála domhanda a chomhlíonadh.

Athrú ó bhonn aníos ar stair na hEorpa atá i gceist le cogadh foghach seo na Rúise. Tá an tAontas níos aontaithe ná riamh in aghaidh an fhogha mhíleata gan chúis ná údar atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, fogha ar sárú an dlí idirnáisiúnta agus phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe é agus lena mbaintear an bonn den tslándáil agus den chobhsaíocht san Eoraip agus ar fud an domhain. **Tá rún níos daingne ná riamh cheana á léiriú againn cloí le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an tsíocháin a athbhunú san Eoraip i gcomhar lenár gcomhpháirtithe.** Ach an tAontas a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. Agus lánurraim á tabhairt do na prionsabail a leagtar amach sna Conarthaí agus iad siúd a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach, lena n-áirítear prionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta agus uathriail chinnteoireachta an Aontais, is den ríthábhacht dár tslándáil fhoriomlán an caidreamh trasatlantach agus an comhar idir an tAontas agus ECAT. Léirítear an dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit in Airteagal 42(7) den Conradh ar an Aontas Eorpach. Ar bhonn níos leithne, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé ar intinn aige a thacaíocht a threisiú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, a bhfuil na Náisiúin Aontaithe ina chroílár.

Sa ré nua seo ina bhfuil **méadú ag teacht ar an iomaíocht straitéiseach, inar ann do bhagairtí casta slándála agus ina bhfuil ionsaí díreach á dhéanamh ar ord slándála na hEorpa**, tá slándáil ár saoránach agus ár Aontais i mbaol. Leis an ngéarchéim iltaobhachais bíonn níos mó agus níos mó caidreamh idirbheartaíochta idir tíortha éagsúla. Tá raidhse na mbagairtí éirithe níos ilghnéithí agus níos dothuartha. Is iolraitheoir bagairtí é an t-athrú aeráide a mbíonn tionchar aige orainn uile. Tar éis tríocha bliana d'idirspleáchas eacnamaíoch láidir, a raibh sé i gceist leis an teannas a laghdú, is é an filleadh ar pholaitíocht na cumhachta agus ar fhogha armtha, fiú, an t-athrú is suntasaí sa chaidreamh idirnáisiúnta. **Is bagairt í an sceimhlitheoireacht don chobhsaíocht i roinnt mhaith de thíortha** agus leanann sí de bheith ina dúshlán do chórais slándála náisiúnta ar fud an domhain. **Tá an idirthuilleamaíocht tábhachtach i gcónaí ach tá níos mó coinbhleachta i gceist léi i gcónaí agus úsáidtear an chumhacht bhog mar uirlis throda**: is uirlisí iomaíochta polaitiúla iad vacsaíní, sonraí agus caighdeáin teicneolaíochta.

Tá slándáil na hEorpa doroinnte agus bíonn tionchar ag aon bhagairt ar ord slándála na hEorpa ar shlándáil an Aontais agus a Bhallstát. **Leis an bhfilleadh ar pholaitíocht na cumhachta** bíonn roinnt tíortha ag gníomhú i dtéarmaí cearta stairiúla agus criosanna tionchair, seachas cloí le rialacha agus prionsabail a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus teacht le chéile chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn. Is **mó agus is mó an mórmhuir, an t-aer, an cianspás agus an timpeallacht digiteach á gconspóid**. Ar deireadh, tá an domhan ag éirí níos neamhshrianta le hionsaithe ar chearta an duine, ar shlándáil an duine agus ar luachanna daonlathacha, sa bhaile agus i gcéin. **Tá iomaíocht ann maidir le córais rialachais mar aon le cath ceart insintí**.

Sa chóras thar a bheith achrannach seo, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit **níos mó infheistíochta a dhéanamh i dtaca lena slándáil agus lena gcosaint le go mbeidís ina ngníomhaí polaitiúil agus slándála níos láidre**. In ainneoin an dul chun cinn atá déanta againn le blianta beaga anuas, tá baol mór ann go bhfaighidh ár n-iomaitheoirí an lámh in uachtar orainn: tá an-obair le déanamh ag an Aontas chun a seasamh geopholaitiúil a ardú. **Is ar an gcúis sin a bhfuil gá le mórathrú chun Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a fhorbairt a ghníomhóidh mar sholáthróir slándála**, ag cur le bunluachanna an Aontais a leagtar síos in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpaigh. Ní féidir sin a dhéanamh ach trí mheasúnú comhroinnte ar bhagairtí agus tiomantas comhpháirteach do ghníomhaíocht.

Leis an gCompás Straitéiseach seo, leagaimid amach **fís straitéiseach chomhchoiteann** do bheartas slándála agus cosanta an Aontais as seo go ceann idir 5 agus 10 de bhlianta agus cuirfimid tús láithreach lena chur chun feidhme. Cuideoidh sé sin linn cultúr straitéiseach comhchoiteann a thógáil, ár n-aontacht agus ár ndlúthpháirtíocht a neartú agus, thar aon ní eile, cur lenár gcumas agus ar ár dtoilteanas gníomhú le chéile, chun ár leasanna agus ár luachanna a chosaint.

Sa **saol neamhchinnte** seo, atá lán de bhagairtí agus dinimicí geopholaitiúla a bhíonn ag athrú go tapa, treoróidh **an compás Straitéiseach ár ngníomhaíocht chun soláthraí slándála níos láidre agus níos cumasaí a dhéanamh den Aontas Eorpach. Chun na críche sin, sainaithnítear ann spriocanna soiléire i réimse shlándáil agus chosaint an Aontais, na modhanna chun iad a bhaint amach agus amlínte sonracha inar féidir linn dul chun cinn a thomhas.**

Go nithiúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

1. **Measúnú comhpháirteach** a chur ar fáil ar ár d**timpeallacht straitéiseach**, ar na bagairtí agus na dúshláin atá romhainn agus ar a n-impleachtaí ar an Aontas;
2. **Comhchuibheas níos fearr agus cuspóir coiteann an tsaoil** a thabhairt do ghníomhaíochtaí i réimse na slándála agus na cosanta atá ar siúl cheana féin;
3. **Gníomhaíochtaí agus bealaí nua** a leagan amach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
    a. a chur ar ár gcumas gníomhú ar bhealach níos tapa agus níos cinntithí agus géarchéimeanna romhainn;
    b. ár leasanna a dhaingniú agus ár saoránaigh a chosaint trí neart a chur le hacmhainneacht an Aontais bagairtí a thuar agus a mhaolú;
    c. infheistíochtaí agus nuálaíocht a spreagadh chun na cumais agus teicneolaíochtaí is gá a fhorbairt go comhpháirteach;
    d. ár gcomhar le comhpháirtithe, go háirithe na Náisiúin Aontaithe agus ECAT, a dhoimhniú, chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach;
4. **Spriocanna agus garspriocanna soiléire** a shonrú chun dul chun cinn a thomhas.

Leis an gCompás Straitéiseach seo, cuirtear ceangal ar an Aontas Eorpach agus ar a Bhallstáit iarracht chomhchoiteann a dhéanamh chun torthaí nithiúla a bhaint amach. Is cuid de chur chuige comhtháite de chuid an Aontais iad a chuspóirí agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus tá siad iomlán comhsheasmhach agus comhlántach le beartais atá ann cheana féin chun freagairt ar bhagairtí seachtracha a mbíonn tionchar acu ar ár slándáil inmheánach, go háirithe na beartais a leagtar síos i Straitéis 2020 an Aontais um an Aontas Slándála ón gCoimisiún Eorpach. Baineann cumas suntasach luamhánaithe le beartais an Aontais, agus ní mór leas iomlán a bhaint as sin chun slándáil agus cosaint an Aontais a neartú. Cuireann an Coiste Straitéiseach seo leis na pacáistí Cosanta agus Spáis a thíolaic an Coimisiún Eorpach i mí Feabhra 2022. Rannchuidíonn sé go díreach le cur chun feidhme chlár oibre Versailles.

## 1. AN DOMHAN ATÁ ROMHAINN

Chun an Compás Straitéiseach sin a ullmhú, rinneamar, in 2020, an chéad **Anailís** chuimsitheach riamh **ar Bhagairtí ar an Aontas**. Chuidigh sin le tuiscint choiteann a chothú ar na bagairtí agus na dúshláin a bheidh roimh an Aontas go luath amach anseo. Chun cultúr straitéiseach comhchoiteann a chothú, tiocfaimid ar ais go rialta chuig an Anailísiú ar Bhagairtí, gach 3 bliana ar a laghad, nó roimhe sin má éilíonn an comhthéacs straitéiseach agus slándála athraitheach é, ag tosú in 2022.

Tá tírdhreach foriomlán na slándála éirithe níos luainí, níos casta agus níos ilroinnte ná riamh mar gheall ar **bhagairtí ilsrathacha**. Na dinimicí éagobhsaíochta áitiúla agus réigiúnacha, a bhíonn á spreagadh ag rialachas mífheidhmiúil agus conspóidí sa chomharsanacht níos leithne agus níos faide i gcéin, ar dinimicí iad a bhíonn á gcothú ag neamhionannais, teannais reiligiúnacha agus eitneacha, tá baint níos mó ag na dinimicí sin le bagairtí neamhthraidisiúnta agus trasnáisiúnta agus le hiomaíocht chumhachta gheopholaitiúil. Leis sin, laghdaítear cumas an chórais iltaobhaigh rioscaí agus géarchéimeanna a chosaint agus a mhaolú.

**Filleadh pholaitíocht na cumhachta i ndomhan ilpholach faoi chonspóid**

Tacaíonn an tAontas go láidir le h**iltaobhachas éifeachtach** agus d'fhéach sé le h**ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** oscailte a fhorbairt, bunaithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, ar luachanna uilíocha agus ar an dlí idirnáisiúnta. Ba ann don fhís idirnáisiúnta sin den iltaobhachas nuair a tháinig deireadh leis an gCogadh Fuar. Táthar á ceistiú go tréan inniu, trí luachanna uilíocha a mhilleadh agus trí úsáid mhíréasúnta a bhaint as dúshláin dhomhanda, iad siúd a bhfuil cur chuige dian ceannasach á chur chun cinn acu, ar filleadh ar an bpolaitíocht trí chumhacht é i ndáiríre. Tá an staid reatha idirnáisiúnta bunaithe ar mheascán de dhinimicí éagsúla trína bhféachann níos mó gníomhaithe lena spás polaitiúil a mhéadú agus dúshlán a thabhairt faoin ord slándála. Ní leis an lámh láidir ná le comhéigean ba cheart teorainneacha a athrú sa 21ú haois.

Leis an bhfogha gan chúis gan údar atá á thabhairt aici faoin Úcráin, tá an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe á sárú go trom ag **an Rúis** agus tá an bonn á bhaint aici de shlándáil agus de chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. Tagann sé sin sna sála ar an bhfogha míleata sa tSeoirsia in 2008, chomh maith le hionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus an idirghabháil mhíleata in Oirthear na hÚcráine in 2014. Tríd an gcur isteach armtha sin sa tSeoirsia agus san Úcráin, an smacht *de facto* ar an mBealarúis, chomh maith le trúpaí na Rúise a bheith ar an láthair fós i gcoinbhleachtaí fada, lena n-áirítear i bPoblacht na Moldóive, is é is aidhm ghníomhach do rialtas na Rúise réimsí tionchair, mar a thugtar orthu, a bhunú. Is léir ón bhfogha armtha atá á thabhairt aici faoin Úcráin go bhfuil an Rúis ullamh le neart míleata ar an leibhéal is airde a úsáid, gan beann ar chúinsí dlíthiúla nó daonnúla, i dteannta le hoirbhearta hibrideacha, le cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, comhéigean eacnamaíoch agus fuinnimh agus reitric núicléach ionsaitheach. Is bagairt thromchúiseach dhíreach iad na gníomhaíochtaí ionsaitheacha athbhreithnitheacha sin, as a bhfuil rialtas na Rúise mar aon lena chomhchoirí an Bhealarúis go hiomlán freagrach, ar ord slándála na hEorpa agus ar shlándáil shaoránaigh na hEorpa. Iad siúd atá freagrach as na coireanna sin, lena n-áirítear díriú ar shibhialtaigh agus réada sibhialta, tabharfar chun cuntais iad. Cuireann an Rúis a ladar isteach i láithreacha eile freisin amhail an Libia, an tSiria, Poblacht na hAfraice Láir agus Mailí agus tagann sí i dtír ar ghéarchéimeanna chun deis a thapú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an mbréagaisnéis agus amhais, amhail grúpa Wagner. Is bagairt dhíreach fhadtéarmach ar shlándáil na hEorpa gach ar tharla le déanaí, agus tabharfaimid aghaidh go diongbháilte ar an mbagairt sin gan stad.

Is comhpháirtí don chomhar, iomaitheoir eacnamaíoch agus iomaitheoir sistéamach í **an tSín**. I gcomhar leis an tSín, is féidir linn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní a bhaineann leis an domhain ar fad amhail an t-athrú aeráide. Is ag dul i méid atá bainteacht agus rannpháirtíocht na Síne sna teannais réigiúnacha. Mar gheall ar an neamhshiméadracht in oscailteacht ár margaí agus ár sochaithe, tá méadú ag teacht ar na hábhair imní atá ann maidir le cómhalartacht, iomaíocht eacnamaíoch agus athléimneacht. Go hiondúil, cuireann an tSín teorainn leis an rochtain ar a margadh agus féachann sí lena caighdeáin féin a chur chun cinn ar fud na cruinne. Saothraíonn sí a beartais trína láithreacht mhéadaitheach ar muir agus sa spás, agus trí chibiruirlisí a úsáid agus leas a bhaint as oirbhearta hibrideacha. Ina theannta sin, d'fhorbair an tSín a hacmhainní míleata go suntasach agus tá sé mar aidhm aici nuachóiriú iomlán a bheith déanta aici ar a fórsaí armtha faoi 2035, rud a mbeidh tionchar aige sin ar an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda. Fágfaidh forbairt na Síne agus a comhtháthú ina réigiún, agus sa domhan i gcoitinne, a lorg ar an gcuid eile den chéad seo. Ní mór dúinn a áirithiú go ndéanfar sin ar bhealach a sheasfaidh leis an tslándáil dhomhanda agus nach dtiocfaidh salach ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, ar ár leasanna ná ar ár luachanna. Chuige sin, éilítear aontacht láidir eadrainn agus ní mór dúinn oibriú i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe réigiúnacha agus domhanda eile.

Sa domhan ilpholach seo atá faoi chonspóid, caithfidh an tAontas seasamh níos gníomhaí a ghlacadh chun a chuid saoránach a chosaint, a leasanna a chosaint, a luachanna a chur chun cinn, agus oibriú le comhpháirtithe chun slándáil a sholáthar do dhomhan níos sábháilte agus níos córa. In éineacht lenár gcomhpháirtithe, cosnaíonn an tAontas na croíphrionsabail ar a bhfuil slándáil na hEorpa bunaithe, agus atá cumhdaithe i g**Cairt na Náisiún Aontaithe** agus **i ndoiciméid bhunaitheacha ESCE**, lena n-áirítear **Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí** agus **Cairt Pháras**. Áirítear leo sin go háirithe comhionannas ceannasach agus iomláine chríochach Stát; dosháraitheacht na dteorainneacha; staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid; agus saoirse Stát a socruithe slándála féin a roghnú nó a athrú. Níl na prionsabail seo inchaibidle ná faoi réir athbhreithniú ná athléiriú.

Chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a urramú, leanfaimid dár gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe agus le tíortha atá ar aon intinn leo laistigh de na Náisiúin Aontaithe, ECAT agus G7 a neartú. Sa chomhthéacs sin, is iad na Stáit Aontaithe an comhpháirtí straitéiseach is láidre agus is tábhachtaí ag an Aontas i gcónaí agus is cumhacht dhomhanda iad a chuireann leis an tsíocháin, leis an tslándáil, leis an gcobhsaíocht agus leis an daonlathas ar an mór-roinn seo againne.

**<u>Ár dtimpeallacht straitéiseach</u>**

Sa lá atá inniu ann, tá an éagobhsaíocht agus coimhlintí mórthimpeall ar an Aontas tá cogadh os a chomhair ag a theorainneacha. Tá meascán bagairtí roimh an Aontas, lena n-áirítear fogha armtha, ionghabháil neamhdhleathach, tíortha leochaileacha, cumhachtaí athbhreithnitheacha agus réimis fhorlámhacha. Is timpeallacht mhéadúcháin é sin do bhagairtí ar shlándáil an Aontais ón méid a leanas: an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht eagraithe, coimhlintí hibrideacha agus cibirionsaithe, ionstraimiú na himirce neamhrialta, leathadh arm agus lagú forchéimnitheach an ollstruchtúir rialaithe arm. Is féidir le héagobhsaíocht airgeadais agus mórdhifríochtaí sóisialta agus eacnamaíocha na dinimicí sin a ghéarú a thuilleadh agus is féidir tionchar méadaitheach a bheith acu ar ár slándáil. Baineann na bagairtí sin uile an bonn ó shlándáil an Aontais ar fud ár dteorainneacha theas agus thoir agus lasmuigh dóibh. I gcásanna nach bhfuil an tAontas gníomhach ná éifeachtach go leor ó thaobh a leasanna a chur chun cinn, líonann tíortha eile na bearnaí.

Ní féidir talamh slán a dhéanamh den tslándáil ná den chobhsaíocht **sna Balcán Thiar** go fóill, de bharr, i measc nithe eile, níos mó cur isteach eachtracha, lena n-áirítear feachtais ionramhála faisnéise agus mar gheall ar éifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr staid slándála na hEorpa a bheith ag dul in olcas faoi láthair. I ndáil leis an méid sin, is díol spéise ar leith é tacú le ceannasacht, aontacht agus iomláine chríochach na Boisnia agus na Heirseagaivéine, bunaithe ar phrionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe i measc na saoránach agus na mbunphobal uile mar a chumhdaítear i mbunreacht na Boisnia agus na Heirseagaivéine, chomh maith leis an bpróiseas athchóirithe agus í ar a bealach Eorpach, agus leanúint leis an bplé idir Béalgrád agus Pristine atá faoi stiúir an Aontais. Ní mór leanúint de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar an smacht reachta agus ar athchóirithe bunaithe ar luachanna, rialacha agus caighdeáin Eorpacha, agus is rogha straitéiseach í an pheirspictíocht Eorpach atá ríthábhachtach do na comhpháirtithe uile atá ag tnúth le ballraíocht a bheith acu san Aontas. I g**comharsanacht an oirthir** againne, agus ionsaí díreach á dhéanamh ag fórsaí armtha na Rúise ar an Úcráin, tá Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus tíortha eile i gCugas Theas a bhfuil imeaglú á dhéanamh orthu mar aon le bagairtí díreacha ar a gceannasacht agus ar a n-iomláine chríochach de shíor agus iad sáinnithe i gcoinbhleachtaí fada. Is brú faoi chois brúidiúil sa bhaile, tacaíocht mhíleata ghníomhach don fhogha atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, athrú ar a stádas 'saor ó airm núicléacha' agus oirbhearta hibrideacha i gcoinne an Aontais atá mar thoradh ar údarásaíochas sa Bhealarúis. Is mór an tionchar atá ag fogha na Rúise faoin Úcráin ar chobhsaíocht agus slándáil réigiún na Mara Duibhe i gcoitinne agus beidh impleachtaí forleathana aige i dtéarmaí na slándála, na hathléimneachta, na saoirse loingseoireachta agus na forbartha eacnamaíche. Tá an **réigiún Artach** ag athrú go tapa, go háirithe mar gheall ar thionchar an téimh dhomhanda, iomaíocht gheopholaitiúil agus leas tráchtála méadaithe, lena n-áirítear maidir le hacmhainní nádúrtha. I g**comharsanacht an deiscirt,** tá na géarchéimeanna sa Libia agus sa tSiria fós gan réiteach, agus iarmhairtí buana, forleatacha ag baint leo sa réigiún. Go háirithe, tá an réigiún faoi bhagairt ag gluaiseachtaí sceimhlitheoireachta, gáinneáil ar dhaoine agus coireacht eagraithe, lena ndéantar difear do dhá chósta na Meánmhara. Mar réigiún agus limistéar muirí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis d'ár slándáil agus d'ár gcobhsaíocht, táimid tiomanta iarrachtaí níos fearr a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí agus ar na dúshláin sin. Leanfaimid linn ar ár ndícheall chun síocháin agus slándáil a bhaint amach sa réigiún Eora-Mheánmhara, lena n-áirítear trí idirghabháil, trí choinbhleachtaí a réiteach, trí institiúidí a atógáil agus trí bhaill uile na sochaí a ath-lánpháirtiú. Chuige sin, feabhsóimid ár gcomhar le comhpháirtithe réigiúnacha. Ar deireadh, tá teannas fós sa **Mheánmhuir Thoir** mar gheall ar bhriogadh agus gníomhaíochtaí aontaobhacha i gcoinne Bhallstáit an Aontais agus sáruithe ceart ceannasach lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta, mar aon le hionstraimiú na himirce neamhrialta, agus d'fhéadfadh an teannas sin géarú go tapa; is chun leasa an Aontais Eorpaigh agus na Tuirce araon é limistéar cobhsaí slán a áirithiú mar aon le caidreamh comhoibritheach a rachaidh chun tairbhe an dá taobh, i gcomhréir le prionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta.

I dteannta a chéile, bíonn éifeacht ag na bagairtí agus na dúshláin sin ar shlándáil ár saoránach, ar ár mbonneagar criticiúil agus ar shláine ár dteorainneacha. Tá drochthionchar amach is amach ag an gcaidreamh le rialtas na Rúise, caidreamh atá imithe go mór chun donais, ar chuid mhór de na réimsí sin. Cuirtear isteach ar chúrsaí go gníomhach, dá bharr, trí oirbhearta hibrideacha, lena gcuirtear cobhsaíocht tíortha agus a bpróisis dhaonlathacha i mbaol. Tá impleachtaí díreacha aige sin ar ár slándáil féin freisin.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le todhchaí na hAfraice don Aontas Eorpach. I bhfianaise fás eacnamaíoch agus déimeagrafach na hAfraice, tá an-phoitéinseal ag gabháil léi. Déantar difear dár slándáil féin, áfach, le coinbhleachtaí leanúnacha, drochrialachas agus sceimhlitheoireacht ar fud mór-roinn na hAfraice. Is amhlaidh atá go háirithe i Mailí, i **mór-réigiún na Saiheile** agus san **Afraic Láir**, áit ina bhfuil meascán contúirteach d'éagobhsaíocht, grúpaí sceimhlitheoireachta, struchtúir laga Stáit, amhais agus bochtaineacht fhorleathan agus éilítear *engagement* feabhsaithe ón Aontas ina leith siúd. Is ollriachtanas slándála don Aontas i gcónaí í an chobhsaíocht i **Murascaill na Guine**, i g**Corn na hAfraice** agus i g**Caol Mhósaimbíc**, agus toisc gur príomhbhealaí trádála iad chomh maith. Ag an am céanna, feictear iomaíocht mhéadaitheach gheopholaitiúil san Afraic, agus níos mó gníomhaithe domhanda agus réigiúnacha araon ar an láthair inti. Ní bhíonn aon drogall ar chuid acu fórsaí neamhrialta a úsáid i limistéir éagobhsaíochta, rud a bhaineann an bonn ó iarrachtaí idirnáisiúnta i dtreo na síochána agus na cobhsaíochta, a dhíchobhsaíonn tíortha agus a ngeilleagar chomh maith le bheith comhpháirteach i sáruithe ar chearta an duine.

I réigiún **an Mheánoirthir** agus **na Murascaille** i gcoitinne, cuireann coinbhleachtaí gníomhacha agus éagobhsaíocht leanúnach ár leasanna slándála agus eacnamaíocha i mbaol. Is den ríthábhacht i gcónaí é aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le neamhleathadh núicléach sa réigiún. Is cuid lárnach den tslándáil sa réigiún í an Iaráin, cé gur foinse thábhachtach éagobhsaíochta réigiúnaí fós í an tacaíocht dhíreach agus indíreach a thugann sí do na seachvótálaithe polaitiúla agus míleata chomh maith leis an iomadú agus aistriú diúracán agus armán chuig gníomhaithe stáit agus neamhstáit. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar iarrachtaí chun filleadh ar chur chun feidhme iomlán an Phlean Chuimsithigh Chomhpháirtigh Gníomhaíochta (JCPOA). Beidh na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an réigiún aghaidh a thabhairt ar an antoisceachas foréigneach ríthábhachtach freisin chun grúpaí sceimhlitheoireachta amhail Al Qaida agus Daesh a chomhrac.

Tháinig lárionad iomaíochta domhanda nua chun cinn san **Aigéan Ciúin**, áit ina gcuireann na teannais gheopholaitiúla an t-ord riailbhunaithe sa réigiún i mbaol agus brú ar na slabhraí soláthair domhanda. Tá leas eacnamaíoch agus geopholaitiúil ríthábhachtach ag an Aontas i gcobhsaíocht agus i slándáil sa réigiún. Dá bhrí sin, déanfaimid ár leasanna sa réigiún a chosaint, agus cinnteoimid go mbeidh forlámhas ag an dlí idirnáisiúnta i réimse na mara agus i réimsí eile nach é. Tá an tSín ar an dara comhpháirtí trádála is mó ag an Aontas agus is comhpháirtí riachtanach í chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Ach lena chois sin tá a hiompar réigiúnach, atá ag éirí níos teanntásaí, ag cur leis an míshuaimhneas.

In áiteanna eile san **Áise**, is cúis mhór imní í an Afganastáin i gcónaí don réigiún agus don Aontas Eorpach ó thaobh na slándála de, sa mhéid a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, smuigleáil drugaí agus na dúshláin mhéadaitheacha maidir le himirce neamhrialta. Leanann gníomhaithe áirithe, amhail Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) den tsíocháin agus den tslándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta a chur i mbaol, agus trí airm ollscriosta agus trína gcláir núicléacha agus diúracán balaistíoch, ach is minice anois a bhaintear úsáid as oibríochtaí faisnéise, cibirionsaithe agus feachtais bhréagaisnéise freisin. Tá coinbhleachtaí atá ar siúl le fada fós ag cur bac ar shocruithe cuimsitheacha uile-réigiúnacha slándála.

Ar deireadh, tá naisc stairiúla chultúrtha againn le **Meiriceá Laidineach**, chomh maith le tiomantas don iltaobhachas, atá bunaithe ar bhunphrionsabail agus ar bhunluachanna comhchoiteanna. Mar sin féin, léiríodh na míchothromaíochtaí socheacnamaíocha i roinnt tíortha i Meiriceá Laidineach le paindéim COVID-19 agus, i gcásanna áirithe, cuireadh an chobhsaíocht pholaitiúil i mbaol. Agus Meiriceá Láir leochaileach agus géarchéim bhuanseasmhach i Veiniséala, cuirtear leis na deighiltí réigiúnacha agus leis na brúnna móra i ndáil leis an imirce, spreagtar dúshláin bhreise maidir leis an gcoireachta eagraithe agus cuirtear na hiarrachtaí síochána sa Cholóim i mbaol.

**Bagairtí agus dúshláin thrasnáisiúnta atá ag teacht chun cinn**

Anuas ar na coinbhleachtaí agus ar na teannais réigiúnacha sin, tá bagairtí trasnáisiúnta agus dinimicí casta slándála romhainn ar an leibhéal domhanda freisin, a mbíonn tionchar díreach acu ar shlándáil an Aontais féin.

Leanann **an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach** de gach cineál, gan beann ar a mbunús, de bheith ag teacht chun cinn i gcónaí agus is bagairt thromchúiseach iad ar an tsíocháin agus ar an tslándáil, san Aontais agus níos faide i gcéin. Áirítear orthu sin meascán de sceimhlitheoirí arb as an Aontas dóibh, trodaithe eachtracha fillte, ionsaithe a stiúradh, a moladh nó a spreagadh ón gcoigríoch, chomh maith le forleathadh idé-eolaíochtaí agus creideamh a mbíonn radacú agus antoisceachas foréigneach mar thoradh orthu. Go háirithe, tá an bhagairt ó Da'esh, al-Qaeda agus óna gcleamhnaithe fós ann agus leantar den bhonn a bhaint ón gcobhsaíocht i réigiúin éagsúla, agus de shlándáil an Aontais, mar thoradh uirthi.

Is síorbhagairt atá ag méadú é **leathadh arm ollscriosta** agus modhanna a seachadta mar a chonacthas go háirithe le cláir núicléacha DPDC agus na hIaráine, airm cheimiceacha á n-úsáid arís is arís eile agus forbairt agus úsáid diúracán nua ardleibhéil balaistíoch, cúrsála agus hipearsonach. Tá a n-**armlann núicléach á leathnú** ag an Rúis agus ag an tSín araon agus tá armchórais nua á bhforbairt acu. Bhain ceannaireacht na Rúise úsáid as bagairtí núicléacha i gcomhthéacs an ionraidh ar an Úcráin. Tá rochtain ag cumhachtaí réigiúnacha ar ghnáth-airm shofaisticiúla, ó córais frithrochtana agus diúltaithe limistéir go diúracáin bhalaistíocha agus chúrsála. Tá na treochtaí sin níos measa mar gheall ar chreimeadh **struchtúr rialaithe arm** san Eoraip, ó aimsir an Chonartha ar Ghnáthfhórsaí Armtha san Eoraip go dtí an Conradh um Aerspás Oscailte agus an Conradh um Fhórsaí Núicléacha le Meánraon. Tá tionchar díreach ag an bhfolús normatach sin ar chobhsaíocht agus ar shlándáil san Aontais. Níor cheart glacadh leis an méadú suntasach ar úsáid arm ceimiceach. Is freagracht dhomhanda chomhroinnte é coimirce a thabhairt don toirmeasc domhanda ar airm cheimiceacha. Dá bhrí sin, leanfaimid de bheith ag tacú leis an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach agus leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha go háirithe.

Tá **straitéisí hibrideacha**, **cibirionsaithe** agus **feachtais bhréagaisnéise**, **cur isteach** díreach ar ár dtoghcháin agus ar ár bpróisis pholaitiúla, comhéigean eacnamaíoch agus ionstraimiú na sreabh neamhrialta imirce á n-úsáid ag **gníomhaithe stáit agus neamhstáit**. Is ábhar imní atá ag dul i méid í an mhí-úsáid mhéadaitheach atáthar ag baint as an dlí chun cuspóirí polaitiúla, eacnamaíocha agus míleata a bhaint amach. Níl aon leisce ar ár n-iomaitheoirí **teicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn** a úsáid chun buntáiste straitéiseach a fháil agus chun cur le héifeachtach a bhfeachtais hibrideacha. Bhain cuid dár n-iomaitheoirí tairbhe as na héiginnteachtaí a cruthaíodh de bharr phaindéim COVID-19 chun bréaginsintí díobhálacha a scaipeadh.

Ag an am céanna, tá rochtain shaor shábháilte ar réimsí straitéiseacha domhanda ag éirí níos conspóidí i gcónaí. Is réimse iomaíochta straitéisí é an **cibearspás** anois, tráth a bhítear ag brath níos mó ar theicneolaíochtaí digiteacha. Is minice a bhíonn cibirionsaithe níos sofaisticiúla ag bagairt orainn anois. Is den ríthábhacht é go gcoinneofar cibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán ar bun. D'ainneoin an phrionsabail go mbainfí úsáid shíochánta as an g**cianspás**, baineann impleachtaí móra leis an réimse sin ó thaobh na slándála agus na cosanta de. Tá an spás ríthábhachtach d'inniúlachtaí breathnóireachta, faireacháin, loingseoireachta agus cumarsáide, ach is réimse plódaithe faoi chonspóid é, mar a léirítear le hiompar mífhreagrach iomaitheoirí straitéiseacha. Tá **slándáil mhuirí** i Muir Bhailt, sa Mhuir Dhubh, sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Thuaidh, chomh maith leis na huiscí Artacha, an tAigéan Atlantach agus na réigiúin is forimeallaí tábhachtach do shlándáil an Aontais, dár bhforbairt eacnamaíoch, don shaorthrádáil, d'iompar agus do shlándáil fuinnimh. Tá criosanna muirí, lánaí ríthábhachtacha cumarsáide mara agus roinnt scrogall muirí chomh maith le grinneall na farraige, á gconspóid níos minice, ó Mhurascaill Áidin go Caolas Hormuz agus amach ó Chaolas Malacca. Ar deireadh, tá ár gcuid **slándála san aer** á conspóid chomh maith mar gheall ar sheasaimh aeir atá ag éirí níos ionsaithí agus ar an méadú atá tagtha ar oirbhearta frithrochtana agus diúltaithe limistéir.

Beidh tionchar ag an **athrú aeráide**, ag an **díghrádú comhshaoil** agus ag **tubaistí nádúrtha** ar ár dtírdhreach slándála sna blianta atá amach romhainn freisin agus tá sé cruthaithe go spreagtar leo siúd éagobhsaíocht agus coinbhleacht ar fud na cruinne - ón tSaiheil go dtí an Amasóin agus an réigiún Artach. Feictear an méid sin san iomaíocht le haghaidh **acmhainní nádúrtha** amhail talamh feirmeoireachta agus uisce agus saothrú acmhainní fuinnimh chun críoch polaitiúil. Baineann dúshláin shonracha slándála lenár ngeilleagair a dhícharbónú, a dhéanamh níos tíosaí ar acmhainní agus níos ciorclaí, lena n-áirítear rochtain ar amhábhair chriticiúla, bainistiú an luachshlabhra agus an inbhuanaitheacht, chomh maith leis na hathruithe eacnamaíocha agus polaitiúla a bhaineann leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise. Is féidir brú mór a chur ar shochaithe agus ar gheilleagair leis na **géarchéimeanna domhanda sláinte**, agus bíonn impleachtaí forleathana geopholaitiúla ag baint leo. Chothaigh paindéim COVID-19 iomaíocht idirnáisiúnta agus léirigh gur féidir brú a chur ar luachshlabhraí criticiúla má chuirtear isteach ar phríomhbhealaí trádála agus go ndéantar difear don tslándáil eacnamaíoch.

**<u>Impleachtaí straitéiseacha don Aontas</u>**

Is dúshláin ilghnéitheacha iad na dúshláin sin go léir agus is minic a bhíonn siad idirnasctha. Tá ár tslándáil i mbaol, sa bhaile nó thar lear. Ní mór dúinn a bheith in ann agus réidh lenár **saoránaigh a chosaint, ár leasanna comhroinnte a chosaint, ár luachanna a chur chun cinn agus rannchuidiú leis an todhchaí dhomhanda a mhúnlú.** Ní mór dúinn ár seacht ndícheall a dhéanamh ár g**cur chuige comhtháite** maidir leis an tslándáil, coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a chur chun feidhme. Ní mór dúinn a bheith níos dána faoin tslí a n-úsáidimid ár n-ionstraimí taidhleoireachta agus eacnamaíocha, lena n-áirítear ár gcórais smachtbhannaí, le hacmhainní sibhialta agus míleata chun coinbhleachtaí a chosc, freagairt ar ghéarchéimeanna, rannchuidiú le cothú na síochána agus tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe. Neartóimid freisin an comhar atá eadrainn le tionscnaimh dhéthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha Eorpacha slándála agus cosanta a chuidíonn le slándáil na hEorpa.

Is bunriachtanaí anois ná riamh an dlúthpháirtíocht, an aontacht agus ár n-uaillmhian a d'eascair as **Straitéis Dhomhanda an Aontais**, 2016. Neartóimid ár gcumas cur le síocháin agus le slándáil ár mór-roinne, freagairt ar choinbhleachtaí agus ar ghéarchéimeanna seachtracha, tógfaimid ar inniúlachtaí ár gcomhpháirtithe agus cosnóimid an tAontas agus a shaoránaigh. Cé gur chuireamar go mór leis an obair atá déanta againn chun ról an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta a neartú ó 2016 i leith, aithnímid go bhfuil tírdhreach straitéiseach nua ag teacht chun cinn agus go gcuirtear de cheangal orainn gníomhú ar bhealach **i bhfad níos práinní agus níos diongbháilte** agus c**únamh frithpháirteach** agus **dlúthpháirtíocht** a léiriú i gcás ionsaithe i gcoinne ceann againn. Ní mór bearta a dhéanamh anois díreach chun ár saoirse gníomhaíochta a áirithiú.

Cuirtear i gcuimhne dúinn, leis na haistrithe geopholaitiúla a rinneadh le déanaí, nach mór don Aontas, mar ábhar práinne, a bheith níos freagraí as a slándáil féin trí ghníomhú ina chomharsanacht féin agus níos faide i gcéin, i gcomhar lena comhpháirtithe nuair is féidir agus leis féin nuair is gá. Braitheann neart ár nAontais ar an aontacht, ar an dlúthpháirtíocht agus ar an rún daingean atá againn. Cuirfidh an Compás Straitéis le **neamhspleáchas straitéiseach** an Aontais, agus lena chumas oibriú le comhpháirtithe eile chun a luachanna agus a leasanna a chosaint. Ach Aontas níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é i gcónaí é, ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, bunchloch a gcosanta comhchoitinne. Tá an péire fite fuaite lena chéile.

Sna chéad caibidlí eile, leagtar amach sa Chompás Straitéiseach seo mar a **ghníomhóimid** agus mar a bheimid ullamh chun freagairt ar ghéarchéimeanna agus ar dhúshláin éagsúla. Sonraítear ann mar ba cheart dúinn bagairtí a thuar, ár leasanna **a dhaingniú** agus ár saoránaigh a chosaint. Chuige sin, ní mór dúinn a bheith nuálach agus **infheistíocht a dhéanamh** i gcumais chosanta idir-inoibritheacha a bheidh níos fearr ó thaobh na teicneolaíochta de agus ní mór dúinn ár spleáchais teicneolaíochta agus acmhainní a laghdú. Sna hiarrachtaí sin ar fad, ní mór dúinn cur lenár g**comhpháirtíochtaí** i gcásanna ina bhfónann sin do luachanna agus leasanna an Aontais.

## 2. GNÍOMHÚ

I bhfianaise an domhain atá romhainn, ní mór dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí chun ullmhú do ghéarchéimeanna agus bagairtí agus an chobhsaíocht a chur chun cinn, inár gcomharsanacht féin agus níos faide i gcéin. A bhuí lena chumas leas a bhaint as acmhainní míleata agus sibhialta araon tá an tAontas in ann aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus cosc a chur orthu. Caithimid a bheith in ann **gníomhú go pras** i ngach réimse oibríochtúil: ar talamh, ar muir, san aer, sa chibearspás agus sa chianspás.

D'fhonn **cur chuige comhtháite** an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach, bainfimid úsáid iomlán chomhleanúnach as beartais agus ionstraimí uile de chuid an Aontais atá ar fáil agus déanfaimid na sineirgí agus an chomhlántacht idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach, an tslándáil agus an fhorbairt a uasmhéadú, mar aon le gnéithe sibhialtacha agus míleata an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC). Cuirfimid feabhas ar ár n-acmhainneacht tabhairt faoi réimse iomlán cúraimí **bainistithe géarchéime**, idir shibhialtach agus mhíleata, atá i gcroílár CBSC, mar a luaitear in Airteagal 43 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

### Ag gníomhú le chéile

Ní mór don Aontas a bheith níos gasta, níos cumasaí agus níos éifeachtaí ó thaobh **cinneadh a dhéanamh agus gníomhú** dá réir. Tá toil pholaitiúil ag teastáil chuige sin. Agus an aontoilíocht mar ghnáthchleachtas don chinnteoireacht a mbíonn impleachtaí míleata nó cosanta léi, ní mór dúinn a bheith **níos tapa, stóinsí agus solúbtha** chun réimse iomlán na gcúraimí bainistithe géarchéime a chur i gcrích.

Ní mór dúinn a bheith in ann freagairt ar gharbhagairtí nó freagairt go tapa do ghéarchéim lasmuigh den Aontas ag gach céim de thimthriall na coinbhleachta. Chuige sin, forbróimid **Acmhainneacht mhearimscartha an Aontais** a chuirfidh ar ár gcumas fórsa modúlach suas le 5 000 trúpa a imscaradh go pras, lena n-áirítear comhpháirteanna talún, aeir agus muirí, chomh maith leis na cumasóirí straitéiseacha riachtanacha. Is féidir acmhainneacht modúlach den sórt sin a úsáid i gcéimeanna éagsúla oibríochta i dtimpeallacht neamhcheadaithe, amhail iontráil tosaigh, treisiú nó mar fhórsa cúltaca chun imeacht a dhaingniú. Beidh forbairt na hacmhainneachta sin bunaithe ar chásanna oibríochtúla a dhíreoidh ar dtús ar oibríochtaí tarrthála agus aslonnaithe, chomh maith le céim thosaigh na n-oibríochtaí cobhsaíochta. Is éard a bheidh san acmhainneacht Cathghrúpaí de chuid an Aontais agus iad modhnaithe go suntasach mar aon le fórsaí agus cumais mhíleata réamh-shainaitheanta na mBallstát, i gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí. Chuige sin, táimid tiomanta d'ullmhacht agus infhaighteacht ár bhfórsaí armtha a mhéadú. Ba cheart ionstraim níos láidre agus níos solúbtha a bheith mar thoradh ar mhodhnú substaintiúil ar Chathghrúpaí an Aontais, mar shampla trí phacáistí fórsa saincheaptha lena n-áirítear comhpháirteanna talún, muirí agus aeir, leibhéil éagsúla ullmhachta oibríochtúla agus tréimhsí cúltaca níos faide. Tabharfaidh forléargas cuimsitheach, iomlán ar na gnéithe go léir atá ar fáil an tsolúbthacht is gá dúinn chun ár bhfórsa a chur in oiriúint do nádúr na géarchéime agus do riachtanais agus do chuspóirí na hoibríochta mar a chinn an Chomhairle, ag baint úsáid as Cathghrúpaí an Aontais, fórsaí míleata agus cumais mhíleata na mBallstát, nó as meascán den dá cheann, agus iad modhnaithe go mór.

Chun imscaradh éifeachtach a bhaint amach, geallaimid na sócmhainní gaolmhara agus na cumasóirí straitéiseacha riachtanacha a chur ar fáil, go háirithe maidir le hiompar straitéiseach, cosaint fórsa, sócmhainní leighis, cibearchosaint, cumarsáid satailítí agus cumais faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta. Forbróimid na cumais sin de réir mar is gá. Maidir le ceannas agus rialú, bainfimid úsáid as ár gCeanncheathrú oibríochtúil náisiúnta réamh-shainaitheanta nó as Cumas Míleata Pleanála agus Seolta an Aontais ach cumas iomlán oibríochtúil a bheith bainte amach aige. Áiritheoimid go gcuirfidh úsáid socruithe cinnteoireachta níos solúbtha agus raon feidhme leathnaithe costas coiteann (lena n-áirítear costais freachnaimh) le hin-imscarthacht thapa agus le héifeachtúil na hacmhainneachta sin. Eagróimid oiliúint agus freachnaimh laistigh de chreat an Aontais chun ullmhacht agus idir-inoibritheacht (i gcomhréir le caighdeáin ECAT freisin) ghnéithe uile na hacmhainneachta sin a mhéadú. Is den ríthábhacht an méid sin más mian linn na constaicí a bhí os ár gcomhair san am a caitheadh a shárú.

Ar bhonn níos leithne, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh níos mó solúbthachta a bhaint amach inár **bpróiseas cinnteoireachta**, gan cur isteach ar an dlúthpháirtíocht pholaitiúil agus airgeadais. Dá bhrí sin, bainfimid leas as an bhféidearthacht a thugtar i gConarthaí an Aontais, lena n-áirítear an staonadh inchiallaithe. Déanfaimid cinneadh go háirithe maidir le módúlachtaí praiticiúla chun Airteagal 44 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a chur chun feidhme, i gcomhréir le cinnteoireacht CBSC, ionas go mbeidh grúpa Ballstát atá toilteanach agus ábalta in ann misean nó oibríocht a phleanáil agus a chur i gcrích faoi chreat an Aontais agus faoi mhaoirseacht pholaitiúil na Comhairle.

Ach misin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC a bheith níos **stóinsí**, níos **solúbtha** agus níos **modúlaí**, beidh ar ár gcumas oiriúnú go tapa do bhagairtí agus do dhúshláin nua agus a n-éifeachtacht a mhéadú, agus i bhfianaise an chomhthéacs slándála nua agus láithreacht níos minice ár n-iomaitheoirí straitéiseacha ar láithreacha oibríochtaí. Ba cheart dóibh, mar shampla, a bheith in ann fórsaí slándála agus cosanta na gcomhpháirtithe a thionlacan ar bhealach níos fearr agus tacú leo ar bhealach níos fearr, chomh maith le hoiliúint agus comhairle a chur ar fáil maidir le hathchóirithe struchtúracha. Chuige sin, déanfaimid an tsamhail reatha do mhisin mhíleata agus d'oibríochtaí míleata a oiriúnú a thuilleadh chun a n-éifeachtacht ar an láthair a mhéadú. Féachfaimid chomh maith ar dheiseanna eile chun tacaíocht bhreise chomhairleach spriocdhírithe a chur ar fáil d'eagraíochtaí slándála agus cosanta na dtíortha comhpháirtíochta. Ba cheart na huirlisí cumarsáide straitéiseacha a neartú tuilleadh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'ár misin agus d'ár n-oibríochtaí.

Tríd an **tSaoráid Eorpach Síochána** a úsáid níos mó, beidh an tAontas in ann cúnamh tábhachtach a chur ar fáil go mear do chomhpháirtithe, mar shampla, trealamh míleata a chur ar fáil go minic mar chuid den oiliúint a fhaightear ar mhisin CBSC. Is féidir an méid sin a dhéanamh freisin trí thacú le cumais chosanta na gcomhpháirtithe tráth géarchéime, amhail i gcás an phacáiste cúnaimh chun tacú le fórsaí armtha na hÚcráine a n-iomláine chríochach agus a gceannasacht a chaomhnú agus an pobal saoránach a chosaint ar fhogha gan chúis gan údar.

Rannchuidíonn Ballstáit an Aontais go mór le leasanna, síocháin agus cobhsaíocht an Aontais ar domhan a dhaingniú trí chineálacha éagsúla comhair. Ba cheart tacaíocht fhrithpháirteach agus éifeachtacht mhéadaithe a bheith mar thoradh ar chomhordú níos fearr idir na tionscnaimh sin agus gníomhaíochtaí an Aontais. Maidir leis sin, ba cheart do mhisin agus oibríochtaí CBSC, mar aon le misin agus oibríochtaí *ad hoc* faoi cheannas an Aontais a bhíonn ag gníomhú sna limistéir chéanna nó in aice láimhe, atreisiú dá chéile go frithpháirteach, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach, trí chomhordú oibríochtúil, tacaíocht lóistíochta, comhroinnt faisnéise agus acmhainneachtaí comhpháirteacha aslonnaithe leighis. Ciallaíonn sé sin comhar níos dlúithe a fhorbairt sna limistéir sin, mar shampla sa tSaiheil, i gCorn na hAfraice agus i gCaolas Hormuz. D'fhéadfadh an tAontas tacaíocht bhreise a thabhairt do mhisin agus d'oibríochtaí *ad hoc* faoi stiúir na hEorpa, ar misin iad a fhónann do leasanna an Aontais. D'fhéadfaidís tairbhe a bhaint as tacaíocht pholaitiúil an Aontais agus cur le torthaí nithiúla beart cúnaimh a mhaoinítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána.

Is mó agus is mó an réimse muirí á chonspóid, táimid tiomanta ár leasanna ar muir a chur chun cinn a thuilleadh agus feabhas a chur ar mhuirshlándáil an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht ár bhfórsaí cabhlaigh a fheabhsú trí fhreachnaimh bheo agus trí chuairteanna ar chalafoirt Eorpacha a eagrú. Ag cur leis an taithí leanúnach atá againn ar Mhurascaill na Guine agus ar an Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, leathnóimid ár **Láithreachtaí Muirí Comhordaithe** chuig réimsí eile a mbíonn leas muirí ag baint leo agus a bhfuil tionchar acu ar shlándáil an Aontais agus féachaimid le comhpháirtithe ábhartha a chomhlachú i gcás inarb iomchuí. Anuas air sin, déanfaimid comhdhlúthú agus tuilleadh forbartha, de réir mar is iomchuí, ar an dá oibríocht mhuirí atá imscartha cheana féin – ceann sa Mheánmhuir agus ceann eile amach ó Chósta na Somáile – limistéir mhuirí a bhfuil leas straitéiseach ríthábhachtach ag baint leo don Aontas.

Treiseoimid comhar agus comhordú i **réimse an aeir** trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar ár gcumas tabhairt faoi oibríochtaí aershlándála de chuid an Aontais den chéad uair, lena n-áirítear cúraimí a ghabhann le tacaíocht aeir, tarrtháil agus aslonnú, faireachas agus fóirithint tubaistí. Chun úsáid chomhordaithe sócmhainní míleata aeir a éascú mar thacaíocht do mhisin agus d'oibríochtaí CBSC, neartóimid freisin ár gcomhoibriú agus ár gcomhpháirtíocht le struchtúir agus le tionscnaimh de chuid an Aontais mar aon le struchtúir agus le tionscnaimh iltaobhacha eile sa réimse aeir, amhail an Cheannasaíocht Aeriompair Eorpach.

Trínár **misin shibhialtacha CBSC**, cuirimid go mór leis an smacht reachta, le riarachán sibhialta, le póilíneacht agus le hathchóiriú na hearnála slándála i réimsí géarchéime. Ina theannta sin, tá na misin ríthábhachtach i bhfreagairt níos leithne an Aontais ar dhúshláin slándála trí mhodhanna neamh-mhíleata, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an imirce neamhrialta, le bagairtí hibrideacha, leis an sceimhlitheoireacht, le coireacht eagraithe, leis an radacú agus leis an antoisceachas foréigneach.

Cuidíonn **Comhshocrú sibhialtach CBSC** linn ár misin shibhialtacha a fhorbairt agus a neartú a thuilleadh ionas gur féidir leo freagairt go pras agus go héifeachtach do bhagairtí agus do dhúshláin atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn, rud a bhaineann an bonn ón gcóras feidhmiúcháin, breithiúnach nó reachtach i réimsí géarchéime, agus cuidíonn siad freisin aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh chriticiúla. Áiritheoimid go mbeidh na misin shibhialtacha in ann imscaradh níos gasta a dhéanamh i gcomhréir le comhshocrú sibhialtach CBSC. Go sonrach, beimid in ann agus ullamh le misean le 200 saineolaí sibhialtach a imscaradh laistigh de 30 lá, agus leas iomlán á bhaint as an bpríomhthrealamh agus as na seirbhísí lóistíochta atá á gcur ar fáil ag an stóras straitéiseach agus ag an gClár Tacaíochta Misean. Cuirfimid le héifeachtacht, le solúbthacht agus le freagrúlacht na misean sibhialtach, lena n-áirítear trí dhlús a chur lenár gcinnteoireacht, trí phleanáil oibríochtúil a neartú, trí fheabhas a chur ar roghnú agus ar earcú pearsanra agus trí uirlisí freagrúlachta a fheabhsú, lena n-áirítear foirne speisialaithe. Chuige sin, cuirfimid le taighde, le forbairt agus le nuálaíocht freisin. Neartóimid a thuilleadh CBSC sibhialtach trí Chomhshocrú nua lena soláthrófar cuspóirí maidir le cineál, líon agus méid na misean sibhialtach, gnéithe do phróiseas forbartha an chumais shibhialtaigh a bheith níos struchtúrtha, chomh maith le sineirgí le hionstraimí eile de chuid an Aontais.

Tá gá le comhar níos fearr ar mhaithe le leas frithpháirteach idir CBSC agus gníomhaithe **ceartais agus gnóthaí baile** an Aontais, lena n-áirítear gníomhaireachtaí amhail EUROPOL, EUROJUST, CEPOL agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar na dúshláin slándála ábhartha. Féadfaimid cur leis an taithí dhearfach atá faighte againn go dtí seo, amhail sa Libia, san Úcráin, sa tSaiheil agus i gCorn na hAfraice nó ón aonad faisnéise coireachta a bunaíodh in oibríocht chabhlaigh an Aontais sa Mheánmhuir. Chuige sin, tá sé mar aidhm againn sineirgí a mhéadú idir gníomhaithe ceartais agus gnóthaí baile agus CBSC, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais. Áirítear leis sin, feasacht staide chomhroinnte, comhairliúcháin agus malartuithe rialta, mar aon le himscaradh seicheamhach saincheaptha nó imscaradh leabaithe. Chun a áirithiú go mbeifear in ann ceannach isteach ar bhealach iomchuí, cuirfimid leis an gcomhar le gníomhaithe ceartais náisiúnta agus gnóthaí baile, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil.

Ní mór dúinn ár struchtúir **cheannais agus rialaithe** shibhialta agus mhíleata a neartú a thuilleadh de réir a chéile. Áiritheoimid go mbeidh an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta lán-ábalta cúraimí agus oibríochtaí neamhfheidhmiúcháin agus feidhmiúcháin, chomh maith le freachnaimh bheo, a phleanáil, a rialú agus a ordú. Sa chomhthéacs sin, cuirfimid dlús le ranníocaíochtaí pearsanra agus cinnteoimid go mbeidh na córais chumarsáide agus faisnéise riachtanacha mar aon le pé áiseanna is gá againn. Ach a sroichfidh an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta a chumas iomlán oibríochtúil, ba cheart é a mheas mar an rogha struchtúir ceannais agus rialaithe. Ní bheidh aon tionchar aige sin ar ár gcumas leanúint ar aghaidh leis an gCeanncheathrú oibríochtúil náisiúnta réamh-shainaitheanta a úsáid. Neartófar freisin an Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta chun feabhas a chur a chumas misin shibhialtacha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Déanfar an comhar agus an comhordú idir na struchtúir mhíleata agus shibhialtacha a threisiú tríd an gComhaonad um Chomhordú Tacaíochta .

Táimid meáite i gcónaí do **shlándáil an duine** a chur chun cinn agus a fheabhsú, urraim don **dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine** agus don chomhlíonadh i ndáil leis an méid sin, agus do shibhialtaigh a chosaint, lena n-áirítear pearsanra daonnúil, i ngach cás coinbhleachta, chomh maith le beartas díchill chuí an Aontais a fhorbairt a thuilleadh i ndáil leis sin. Ní mór dúinn a bheith láidir agus cosc a chur ar aon iarracht a bhainfeadh an bonn ón dlí idirnáisiúnta nó a bhainfeadh lena dhíchur. Leanfaimid freisin de bheith ag cur le cosaint na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear trínár misin agus ár n-oibríochtaí CBSC.

Táimidne tiomanta go láidir do chuspóirí an Aontais maidir le **mná, an tsíocháin agus an tslándáil** a bhaint amach. Is gné ríthábhachtach é dul i ngleic le neamhionannas inscne agus le foréigean inscnebhunaithe chun coinbhleacht a chosc agus a réiteach agus chun athléimneacht a chothú i gcoinne bagairtí slándála ar leibhéal an phobail. Ba cheart do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais – lena n-áirítear na misin agus na hoibríochtaí sibhialtacha agus míleata – cur go gníomhach le mná a chumhachtú agus leis an bhforéigean gnéis agus inscnebhunaithe a chosc agus aghaidh a thabhairt air i suíomh coinbhleachta agus iarchoinbhleachta, bunaithe ar chearta agus riachtanais éagsúla a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí. Cuirfimid **an comhionannas inscne** chun cinn a thuilleadh agus déanfaimid gné na hinscne a phríomhshruthú go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i ngach gníomhaíocht shibhialta agus mhíleata CBSC, ag díriú freisin ar rannpháirtíocht chothrom fhiúntach na mban i ngach feidhm a mhéadú, lena n-áirítear i bpoist cheannaireachta. Táimid tiomanta freisin do chuspóirí an Aontais maidir leis an gclár oibre **do leanaí agus do choinbhleacht armtha** a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun cuidiú le deireadh a chur le sáruithe tromchúiseacha i gcoinne leanaí atá thíos leis an gcoinbhleacht agus iad a chosc agus, ar an gcaoi sin, timthriallta an fhoréigin a bhriseadh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC.

**<u>Ar tinneall le chéile</u>**

I gcás ina dtabharfar fogha armtha faoi Bhallstát ar a chríoch, beidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit eile cúnamh agus cabhair a thabhairt dó le gach meán is féidir leo, i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Ní dhéanfaidh sin dochar do cháilíocht shonrach beartais slándála agus cosanta Ballstát áirithe. Beidh na ceangaltais agus an comhar sa réimse sin i gcomhréir leis na gealltanais a thugtar faoi Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, arb í, i dtaca leis na Stáit is comhaltaí di, is bun i gcónaí dá gcosaint chomhchoiteann agus fóram chur chun feidhme na cosanta sin. Leanfaimid orainn de bheith ag infheistiú inár **gcúnamh frithpháirteach** faoi Airteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach chomh maith lenár **ndlúthpháirtíocht** faoi Airteagal 222 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe trí fhreachnaimh rialta.

Chun ár n-ullmhacht a mhéadú, déanfaimid **réamhphleanáil** cásbhunaithe ar bhonn níos córasaí, cuirfimid feabhas ar an luathrabhadh agus oiriúnóimid cásanna oibríochtúla a fhreagraíonn do na bagairtí agus do na dúshláin shíorathraitheacha atá os ár gcomhair amach. A bhuí le réamhphleanáil – ina gcuimseofar comhcheangal d’fhaisnéis gheospásúil agus gach sórt eile faisnéise eile lena chois – cruthófar pleananna sibhialta agus míleata a bheidh cineálach agus a oiriúnófar agus a chothabhálfar de réir mar a thiocfaidh athrú ar chásanna. I ndáil leis sin, cuirfimid neart leis an gcomhar idir pleanálaithe oibríochta náisiúnta agus Aontais.

Ní bheidh an tAontas éifeachtach nó go mbeidh pearsanra sibhialtach agus míleata leordhóthanach a bhfuil oiliúint mhaith orthu ar fáil dó. Ní mór dúinn cur lenár n-acmhainneachtaí, lenár gcumasóirí criticiúla agus lenár dtrealamh chun an bhearna idir ár leibhéal uaillmhéine agus na **hacmhainní** atá ar fáil a dhúnadh. Ní mór léargas níos trédhearcaí agus níos struchtúrtha a bheith ar fáil den phearsanra sibhialtach agus míleata atá ar fáil do mhisin agus d’oibríochtaí CBSC trí bhíthin comhairliúcháin pholaitiúla luatha chun ár n-uaillmhianta a bhaint amach agus chun **cion cothrom** na ranníocaíochtaí do mhisin agus d’oibríochtaí míleata a éascú. Glacfaimid de chúram orainn féin **bunú fórsaí** do mhisin agus d’oibríochtaí míleata a dhreasú, mar shampla trí thrédhearcacht agus intuarthacht a fheabhsú i dtaca le huainíocht na dtrúpaí agus trí raon feidhme na gcostas coiteann faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Chun éifeachtacht ár misean neamhfheidhmiúcháin a fheabhsú, aithnímid nach mór síneadh a chur le tréimhse imscartha oifigeach sinsearach na misean. Cuideoidh na hiarrachtaí sin le comhlíonadh na ngealltanas ábhartha a thug na Ballstáit rannpháirteacha faoin mBuanchomhar Struchtúrtha.

Is gnéithe ríthábhachtacha dár bhfreagairt ar bhagairtí agus ar an iomaíocht straitéiseach iad an ullmhacht agus an idir-inoibritheacht. Beidh **freachnaimh bheo** rialta shibhialta agus mhíleata i ngach réimse, agus réamhphleanáil threisithe, ina gcuidiú againn chun ár n-ullmhacht a threisiú go mór, an idir-inoibritheacht a chothú, agus chun tacú le comhchultúr straitéiseach. Na freachnaimh bheo seo a dhéanfar faoi chreat de chuid Aontais, agus rannpháirt mhéadaitheach ag an gCumas Míleata Pleanála agus Seolta iontu, múnlóidh siad Acmhainneacht mhearimscartha an Aontais go háirithe, agus treiseoidh siad ar bhonn níos ginearálta ár seasamh, cuirfidh siad lenár gcumarsáid straitéiseach, agus neartóidh siad an idir-inoibritheacht, lena n-áirítear an idir-inoibritheacht le comhpháirtithe.

Dhearbhaigh an fogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin go bhfuil géarghá le feabhas suntasach a chur ar **shoghluaisteacht mhíleata** ár bhfórsaí armtha laistigh agus lasmuigh den Aontas. Neartóimid an bonneagar iompair dé-úsáide ar fud an ghréasáin iompair thras-Eorpaigh chun gluaiseacht mhear agus rianúil pearsanra, ábhair agus trealaimh mhíleata le haghaidh imscaradh oibríochtúil agus freachnaimh a chur chun cinn, agus muid ag obair i ndlúthchomhar le ECAT agus comhpháirtithe eile. Tiocfaimid ar chomhaontú maidir le gealltanais nua chun dlús a chur le nósanna imeachta trasteorann agus iad a chomhchuibhiú, chun bealaí a shainaithint chun gluaiseachtaí mórscála gearrfhógra a choinneáil ar bun, chun infheistíocht a dhéanamh i ndigitiú ár bhfórsaí armtha, agus chun cumais cheannródaíocha atá tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt lena ráthófar ár gcumas freagairt go tapa agus oibriú i dtimpeallachtaí neamhcheadaitheach, agus na ceanglais bhunreachtúil atá ag Ballstáit áirithe á gcur san áireamh. Nascfaimid freisin ár gcuid oibre ar shoghluaisteacht mhíleata le freachnaimh boird agus bheo de chuid fhórsaí armtha na mBallstát.

**Cuspóirí**

Is é ár n-aidhm a bheith inár ngníomhaí níos teanntásaí don tslándáil agus don chosaint trí ghníomhaíocht níos láidre, níos gasta, níos cinntithí a chumasú, lena n-áirítear gníomhaíocht ar mhaithe le teacht aniar an Aontais agus lenár gcúnamh frithpháirteach agus lenár ndlúthpháirtíocht. Is í an réamhphleanáil a bheidh mar ghnás againn agus déanfar na struchtúir reatha cheannais agus rialaithe a fheabhsú. Trí fhreachnaimh bheo a chur ar bun agus cur chuige níos comhtháite a bheith againn maidir le géarchéimeanna, is fearr a bheimid ullmhaithe.

***Gníomhú***

- Faoi 2025, beidh **Acmhainneacht Mhearimscartha an Aontais**, lena bhféadfar fórsa modúlach dar líon suas le 5000 trúpa a imscaradh go tapa i dtimpeallacht neamhcheadaitheach, ag lánfheidhmiú. Chuige sin, tiocfaimid ar chomhaontú in 2022 maidir le teagmhais oibríochtúla. Ón mbliain 2023 amach, cuirfidh freachnaimh rialta bheo le hullmhacht agus leis an idir-inoibritheacht.

- Faoi 2023, déanfaimid cinneadh maidir le rialacha mionsonraithe níos solúbtha chun **Airteagal 44 den Chonradh ar an Aontas Eorpach** a chur chun feidhme ionas go mbeidh grúpa Ballstát atá toilteanach agus ábalta in ann misean nó oibríocht a phleanáil agus a chur i gcrích faoi chreat an Aontais agus faoi mhaoirseacht pholaitiúil na Comhairle.

- Faoi 2025, beidh an **Cumas Míleata Pleanála agus Seolta** in ann gach misean míleata neamhfheidhmiúcháin agus dhá oibríocht feidhmiúcháin ar mionscála nó oibríocht amháin ar meánscála, chomh maith le freachnaimh bheo, a phleanáil agus a chur i gcrích. Oibreoimid freisin, sa chéad chéim eile agus ar bhaint amach an chuspóra sin dúinn, chun cur a thuilleadh lenár gcumas misin bhreise neamhfheidhmiúcháin agus oibríochtaí feidhmiúcháin a phleanáil agus a chur i gcrích.

- **Neartóimid** a thuilleadh **ár misin agus ár n-oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC.** Mar chéad chéim, faoi lár 2022, déanfaimid an tsamhail reatha do mhisin mhíleata a oiriúnú a thuilleadh chun a n-éifeachtacht ar an láthair a mhéadú. Breathnóimid freisin ar bhealaí chun an dá oibríocht chabhlaigh a neartú. Ag an am céanna, breathnóimid ar dheiseanna eile chun tacaíocht chomhairleach spriocdhírithe a chur ar fáil d’eagraíocht slándála agus cosanta na dtíortha comhpháirtíochta.

- Neartóimid **an tacaíocht fhrithpháirteach idir misin agus oibríochtaí CBSC agus misin agus oibríochtaí *ad hoc* faoi cheannas an Aontais**, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. Faoi dheireadh 2022, ar an gcéad ásc, cruthóimid naisc ar an láthair, mar shampla, idir EUNAVFOR Atalanta agus an Misean Eorpach um Fheasacht Mhuirí i gCaolas Hormuz, agus sa tSaiheil chomh maith.

- Anuas ar an taithí a fuarthas ó choincheap na **Láithreachtaí Muirí Comhordaithe** i Murascaill na Guine agus a leathnú in Iarthuaisceart an Aigéin Indiaigh, breathnóimid ón dara leath de 2022 amach ar réimsí muirí eile spéise.

- Faoi 2023, tiocfaimid ar chomhaontú faoi choincheap míleata le haghaidh **oibríochtaí slándála aeir**, lena n-áirítear tacaíocht aeir, tarrtháil agus aslonnú, faireachas agus tascanna fóirithinte tubaistí.

- Faoi lár 2023, glacfaimid **Comhshocrú nua Sibhialtach CBSC**, rud a mhéadóidh éifeachtacht ár misean a thuilleadh agus a chabhróidh linn na cumais shibhialtacha riachtanacha a fhorbairt. Ina theannta sin, cuirfimid tuilleadh feabhais ar an gcomhar idir gníomhaithe ábhartha ceartais agus gnóthaí baile an Aontais agus na mBallstát agus CBSC. Beimid in ann **misean sibhialtach CBSC**, ina mbeidh 200 saineolaí lánfheistithe, a imscaradh laistigh de 30 lá, lena n-áirítear an misean a imscaradh i dtimpeallachtaí casta.

- Déanfaimid **gné chearta an duine** agus na **hinscne** a phríomhshruthú go córasach i ngach gníomhaíocht shibhialta agus mhíleata CBSC agus cuirfimid le líon na mban i ngach feidhm, lena n-áirítear poist cheannaireachta. Faoi 2023, neartóimid ár líonra de chomhairleoirí de chearta an duine agus chúrsaí inscne inár misin agus oibríochtaí CBSC.

***Ullmhú***

- Leanfaimid d'fhreachnaimh rialta a chur ar bun chun ár g**cúnamh frithpháirteach** a neartú a thuilleadh i gcás ionsaithe armtha, i gcomhréir le hAirteagal 42(7) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is é a bheidh i gceist leis sin cibirfhreachnaimh rialta ón mbliain 2022 amach.

- Ó 2023 amach, beidh freachnaimh bheo rialta á n-eagrú againn i ngach réimse, agus beidh an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta rannpháirteach de réir a chéile. Déanfar gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC a chomhcheangal leis na freachnaimh sin freisin.

- Faoi 2022, tiocfaimid ar chomhaontú maidir le **Clár Timthriallta Uainíochta Trúpaí** do mhisin agus d'oibríochtaí míleata CBSC agus neartóimid luathbhrath na bhfórsaí polaitiúla do mhisin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC.

- Faoi 2023, i bhfianaise na dtograí a bhaineann le hAcmhainneacht Mhearimscartha an Aontais, déanfaimid athmheasúnú ar raon feidhme agus ar shainiú na g**costas coiteann** d'fhonn an dlúthpháirtíocht a fheabhsú agus an rannpháirtíocht a spreagadh i misin agus oibríochtaí míleata, chomh maith leis na costais sin a bhaineann le freachnaimh.

- Faoi dheireadh 2022, tabharfaimid gealltanais nua agus é mar aidhm againn feabhas suntasach a chur ar **an tsoghluaisteacht mhíleata** agus infheistíocht a dhéanamh inti, agus tiocfaimid ar chomhaontú maidir le Plean Gníomhaíochta uaillmhianach athbhreithnithe. Is éard a bheidh i gceist leis sin gníomhaíochtaí nua i réimsí amhail an digitiú, cibear-athléimneacht an bhonneagair iompair agus a chórais tacaíochta a mhéadú, chomh maith le hintleacht shaorga agus aeriompar agus aeraistriú a úsáid chun feabhas a chur ar an tsoghluaisteacht mhíleata laistigh agus lasmuigh den Aontas. Amach anseo, déanfaimid an infheistíocht don tsoghluaisteacht mhíleata a mhéadú agus a ghiaráil a thuilleadh[1].

    - Cuirfimid dlús láithreach le cur chun feidhme na dtionscadal bonneagair iompair dé-úsáide lena n-áirítear tríd an mbuiséad soghluaisteachta míleata a thús-ualú faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta maidir leis an tSoghluaisteacht Mhíleata agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

    - Faoi dheireadh 2022, cuirfimid tús le hanailís ar chumas bonneagair iompair an Aontais gluaiseachtaí mórscála gearrfhógra a choinneáil ar bun.

    - Faoi 2025, beidh feabhsú agus comhchuibhiú na nósanna imeachta trasteorann tugtha i gcrích againn.

[1] Déanfar sin gan dochar do chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile an Aontais.

## 3. SLÁN

Ní mór dúinn an t-ullmhúchán is fearr a dhéanamh do dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn go tapa. Tá ár n-iomaitheoirí straitéiseacha ag díriú orainn le sraith leathan uirlisí agus **ár n-athléimneacht** á tástáil acu ar mhaithe lenár **slándáil** a laghdú agus an bonn a bhaint go gníomhach ó rochtain shlán a bheith againn ar réimsí na mara, an aeir, na cibearshlándála agus an spáis. Táimid i ngleic níos mó ná riamh le bagairtí de chineál hibrideach. Ina theannta sin, is dúshlán leanúnach fós bagairtí trasnáisiúnta amhail an sceimhlitheoireacht agus leathadh arm. Ní mór dúinn an teacht aniar atá ionainn a stóinsiú go suntasach trí bhagairtí den sórt sin a thuar, a bhrath agus a fhreagairt ar bhealach níos fearr. Cé nach bhfuil ann ach eilimint amháin, cabhróidh an t-athbhreithniú rialta agus struchtúrtha ar ár nAnailísiú ar Bhagairtí i dtaca leis an méid sin.

**An luathrabhadh, an léargas ar fhaisnéis, agus ár gcumarsáid shlán a neartú**

Déanfaimid níos mó a infheistiú in anailís chomhroinnte chun **ár bhfeasacht staide** agus **ár bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach** a mhéadú, agus tógfar ar ár gCóras Réamhrabhaidh agus ar an sásra scanta ionchais. Neartóimid ár bhfeasacht staide fhaisnéisbhunaithe mar aon le hacmhainneachtaí ábhartha an Aontais – go háirithe faoi chuimsiú **Acmhainn Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais** – agus Lárionad Satailíte an Aontais. I ngeall air, is neasa sinn freisin do **chomhchultúr straitéiseach** agus cuirfear le hinchreidteacht an Aontais mar ghníomhaí straitéiseach. Ní mór dúinn ár sármhaitheas a choinneáil ar bun chun cinnteoireacht uathrialach an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí geospásúla. Treiseoimid an ról atá ag Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais mar phointe iontrála aonair le haghaidh rannchuidithe straitéiseacha faisnéise ó sheirbhísí faisnéise agus slándála sibhialtacha agus míleata na mBallstát. Éascóidh sé sin malartú na faisnéise straitéisí chun freagairt níos fearr a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn agus chun go gcuirfear ar fáil seirbhísí níos fearr do lucht cinnteoireachta ar fud institiúidí an Aontais agus na mBallstát.

Ós rud é go bhfuil institiúidí an Aontais Eorpaigh faoi réir líon méadaitheach cibirionsaithe nó iarrachtaí ar chur isteach ar chórais an Aontais, ní mór don Aontas Eorpach cosaint na bpróiseas, na sócmhainní agus na faisnéise is tábhachtaí dá chuid a fheabhsú, agus a áirithiú gur féidir leis brath ar fhaisnéis atá stóinseach agus iontaofa agus ar chórais chumarsáide Eorpacha leordhóthanacha. Más uainn ár léargas faisnéise a neartú, teastóidh **cumarsáid shlán** fheabhsaithe. Chuige sin, déanfaimid na rialacha agus na rialacháin slándála a chuíchóiriú agus stóinseoimid an cur chuige coiteann atá ag na Ballstáit, agus ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le misin agus oibríochtaí CBSC, i dtaca le cosaint na faisnéise, an bhonneagair agus na gcóras cumarsáide. Chuige sin, beidh gá le hinfheistíochtaí i dtrealamh teicniúil, i mbonneagar agus i saineolas teicniúil Eorpach úrscothach. Anuas ar Straitéis Chibearshlándála an Aontais, iarraimid ar institiúidí, ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí an Aontais caighdeáin bhreise agus rialacha breise a ghlacadh maidir le faisnéis agus cibearshlándáil, agus maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint chun go n-éascófar ar an gcaoi sin malartuithe slána leis na Ballstáit.

**<u>Bagairtí hibrideacha, an chibearthaidhleoireacht agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis</u>**

Cuirfimid feabhas mór ar ár n-**athléimneacht** agus ar ár gcumas cur i gcoinne **bagairtí hibrideacha**, cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Bíonn gníomhaithe eachtracha stáit agus neamhstáit i gcónaí ag feabhsú, agus, ar an gcaoi sin, ag neartú a gcuid oirbheartaíochta, a dteicnící agus a nósanna imeachta, amhail ionstraimiú na himirce neamhrialta, an dlíchogaíocht, chomh maith le comhéigean atá dírithe ar ár slándáil eacnamaíoch agus fuinnimh. Dá bhrí sin, déanfar réimse leathan uirlisí atá ann cheana agus gach arbh fhéidir d'uirlisí an Aontais a thabhairt le chéile i leagan méadaithe de **Bhosca Uirlisí Hibrideach an Aontais**. Ba cheart an bosca uirlisí sin a bheith ina chreat chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar fheachtais hibrideacha a dhéanann difear don Aontas agus dá Bhallstáit inar cheart bearta coisctheacha, comhair, cobhsaíochta, sriantacha agus téarnaimh a bheith i gceist, chomh maith leis an dlúthpháirtíocht agus an cúnamh frithpháirteach a neartú. Féadfaidh na Ballstáit sannadh comhordaithe na ngníomhaíochtaí hibrideacha a mholadh, á aithint dóibh gur sainchumas náisiúnta ceannasach é an sannadh. Is gá leas iomlán a bhaint as na hionstraimí sibhialta agus míleata ábhartha uile i gcás inarb iomchuí, agus úsáid á baint as beartais sheachtracha agus inmheánacha. Ní mór dó a bheith bunaithe ar chomhthuiscint agus ar mheasúnú ar na bagairtí sin freisin. Dá bhrí sin, neartóimid ár gcumas bagairtí den sórt sin agus a bhfoinse a bhrath, a shainaithint agus a anailísiú. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC), go háirithe an **Cill Chomhtháthaithe in aghaidh bagairtí Hibrideacha**, réamhfhéachaint agus feasacht ar dhálaí éagsúla a sholáthar. Laistigh de Bhosca Uirlisí Hibrideach sin an Aontais, ní mór dúinn ár n-**athléimneacht shochaíoch agus eacnamaíoch** a stóinsiú, an bonneagar ríthábhachtach a chosaint, chomh maith lenár gcórais dhaonlathacha, agus próisis toghcháin an Aontais agus na mBallstát a chosaint. Cruthóimid **Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha** de chuid an Aontais a bheidh in oiriúint don bhagairt agus tarraingeoimid ar shaineolas earnála ábhartha sibhialtach agus míleata an Aontais, agus ar bhonn náisiúnta, chun tacú leis na Ballstáit, le misin agus le hoibríochtaí CBSC, agus na dtíortha comhpháirtíochta cur i gcoinne bagairtí hibrideacha. Áiritheoimid go mbeidh sineirgí againn le ECAT agus féachfaimid ar bhealaí eile le comhar frith-hibrideach a dhéanamh leis.

Ní mór dúinn a bheith in ann freagairt láidir a thabhairt ar chibirionsaithe go tapa freisin, amhail cibirghníomhaíochtaí mailíseacha státurraithe lena ndírítear ar bhonneagar criticiúil agus ionsaithe bogearraí éirice. Chuige sin, treiseoimid ár gcumas cibirionsaithe a shainaithint agus a anailísiú ar bhealach comhordaithe. Neartóimid Bosca Uirlisí Cibearthaidhleoireachta an Aontais agus bainfimid leas iomlán as gach ionstraim dá chuid, lena n-áirítear bearta coisctheacha agus smachtbhannaí ar ghníomhaithe seachtracha as cibirghníomhaíochtaí mailíseacha i gcoinne an Aontais agus a chuid Ballstát. Cuirfimid le Cibearaonad Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh chun feabhas a chur ar an bhfeasacht chomhpháirteach staide agus an comhar idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit.

Freagróimid go láidir ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, mar a rinneamar trínár ngníomhaíocht chinntitheach chomhordaithe i gcoinne fheachtas bréagaisnéise na Rúise i gcomhthéacs a fogha mhíleata faoin Úcráin. Leanfaimid den mhéid sin a dhéanamh i gcomhréir go hiomlán le beartais inmheánacha an Aontais, trí chomhthuiscint a bhunú ar an mbagairt agus trí raon ionstraimí a fhorbairt a thuilleadh chun an bhagairt a bhrath go héifeachtach, chun anailís a dhéanamh uirthi, chun aghaidh a thabhairt uirthi, agus chun a chostas sin a fhorchur ar lucht déanta na ngníomhaíochtaí sin. Chun feabhas a chur ar ár n-athléimneacht shochaíoch, feabhsóimid freisin an rochtain ar fhaisnéis inchreidte agus ar mheáin shaora neamhspleácha ar fud an Aontais. Chuige sin, agus mar a iarradh sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, forbróimid **bosca uirlisí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a dhíspreagadh agus a chomhrac**, lena n-áirítear i misin agus oibríochtaí CBSC. Neartóidh sé ár roghanna freagartha, ár n-acmhainneacht athléimneachta agus ár gcomhar laistigh den Aontas agus chun tacú le tíortha comhpháirtíochta, agus feabhsófar feasacht staide tríd an Córas Mear-Rabhaidh. Leanfaimid ar aghaidh freisin leis an sásra comhpháirteach oibríochtúil maidir leis na próisis toghcháin agus an bonneagar toghcháin a ainmniú mar bhonneagar criticiúil. Leanfaimid de bheith ag obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn, amhail ECAT, G7, mar aon leis an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, agus cuirfimid lenár n-iarrachtaí laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe.

**Ár rochtain ar réimsí straitéiseacha a áirithiú**

Forbróimid a thuilleadh **Beartas Cibearchosanta an Aontais** chun cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint ina gcoinne. Cuirfidh sé borradh faoin taighde agus faoin nuálaíocht, spreagfar bonn tionsclaíoch an Aontais, agus cuirfear an t-oideachas agus an oiliúint chun cinn lena áirithiú go bhfuilimid réidh le dul i mbun gnímh. Méadóidh sé an comhar i measc ghníomhaithe cibearchosanta an Aontais agus na mBallstát agus forbrófar sásraí chun acmhainní a ghiaráil ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs mhisin agus oibríochtaí CBSC. Ina theannta sin, neartóidh sé an comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn i réimse na cibearchosanta, go háirithe ECAT. A bhuí le **Gníomh** nua **Cibear-athléimneachta** Eorpach, méadófar ár gcur chuige comhchoiteann i leith cibearbhonneagair agus cibearchaighdeán. Oibreoimid chun bonneagar Eorpach d'Ionaid Oibríochtaí Slándála a bhunú.

I gcomhréir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais 2020, forbróimid **cibirsheasamh** an Aontais trí fheabhas a chur ar ár gcumas cibirionsaithe a chosc trí bhíthin fothú acmhainneachta, forbairt cumais, oiliúint, freachnaimh, athléimneacht fheabhsaithe agus freagairt dhaingean ar chibirionsaithe in aghaidh an Aontais, a institiúidí agus a Bhallstát, trí úsáid a bhaint as gach uirlis de chuid an Aontais atá ar fáil. Cuirfimid in iúl a thuilleadh go bhfuilimid meáite ar fhreagairtí láithreacha agus fadtéarmacha a chur ar fáil do ghníomhaithe bagartha atá ag iarraidh rochtain shlán agus oscailte ar an gcibearspás a dhiúltú don Aontas agus dá chomhpháirtithe. Tabharfaimid tacaíocht dár gcomhpháirtithe chun feabhas a chur ar a gcibear-athléimneacht agus, i gcás cibir-ghéarchéimeanna, saineolaithe an Aontais agus na mBallstát a imscaradh chun tacaíocht a chur ar fáil. Beidh freachnaimh rialta sa chibir-réimse ina rannchuidiú ar mhaithe lenár ndlúthpháirtíocht agus lenár gcúnamh frithpháirteach a mhéadú a thuilleadh. Neartóimid ár n-**acmhainneachtaí cibearfhaisnéise** chun feabhas a chur ar ár gcibear-athléimneacht, agus cuirfimid tacaíocht éifeachtach ar fáil freisin do mhisin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC, agus dár bhfórsaí armtha. Cuirfimid le hidir-inoibritheacht agus le comhroinnt faisnéise trí chomhar idir foirne míleata práinnfhreagartha ríomhaire (mil CERT), agus i gcur i gcrích cibearoibríochtaí cosanta. Aithnímid gur féidir éifeachtacht agus slándáil ár n-iarrachtaí ar talamh, san aer, ar muir agus sa chianspás a mhéadú ach feabhas a chur ar ár gcibearshlándáil.

Braitheann ár saoirse gníomhaíochta ar rochtain shábháilte, shlán agus neamhspleách a bheith againn ar **réimse an spáis**. Ní mór dúinn a bheith ullamh do thimpeallacht spáis a bheidh níos iomaíche agus ar mó a bheifear á chonspóid. Mar gheall ar ár spleáchas méadaitheach ar chórais spáis agus ar sheirbhísí spáis, is leochailí muid i leith iompar mífhreagrach bagrach ár n-iomaitheoirí straitéiseacha. Tá líon méadaitheach na réad atá ar snámh i bhfithis an domhain, mar aon le líon ard an smionagair spáis, ag cur freisin leis na rioscaí agus an teannas. Cuireann Clár Spáis an Aontais agus bonneagar spáis eile de chuid an Aontais gona Bhallstáit leis an teacht aniar atá ionainn. Cuireann siad príomhsheirbhísí ar fáil a chuirtear in ionad nó a chomhlánaíonn na bonneagair talún atá againn d'fhaire na cruinne, don loingseoireacht satailíte nó don teileachumarsáid. Ba cheart do chórais spáis an Aontais nascacht dhomhanda a chur ar fáil do ghníomhaithe slándála agus cosanta. Chuige sin, oibreoimid ar an togra le haghaidh córas cumarsáide slán domhanda spásbhunaithe an Aontais, lena n-áirítear trí Chlár Slán Nascachta an Aontais don tréimhse 2023-2027.

Á aithint dúinn gur faoi rialú sibhialta atá sócmhainní spáis an Aontais, agus á admháil dúinn a thábhacht atá Clár Spáis an Aontais, ní mór an straitéis spáis reatha a chomhlánú go práinneach agus gnéithe slándála agus cosanta an Aontais sa spás a fheabhsú. Cuideoidh straitéis nua linn – **Straitéis Spáis an Aontais um shlándáil agus cosaint** – tuiscint choiteann a chothú ar rioscaí agus bagairtí spásghaolmhara, freagairtí agus cumais iomchuí a fhorbairt chun freagairt ar shlí níos fearr agus níos tapúla ar ghéarchéimeanna, ár n-athléimneacht a neartú agus leas iomlán a bhaint as na sochair agus na deiseanna a bhaineann le réimse an spáis. Ba cheart gnéithe polaitiúla, oibríochtúla, taidhleoireachta agus rialachais a bheith ar áireamh i straitéis den sórt sin, mar shampla.

Leanfaimid orainn ag infheistiú i bh**feasacht staide an spáis** chun gur fearrde ár dtuiscint ar bhagairtí spásbhunaithe agus chun na rioscaí, na bagairtí agus na leochaileachtaí sin a laghdú. Neartóimid an nuálaíocht dé-úsáide agus infheisteoimid san fhorbairt acmhainneachta chun gur féidir leis an Eoraip tairbhe a bhaint as rochtain uathrialach ar an spás. Déanfaimid slabhraí soláthair spáis a chosaint agus infheistiú i dteicneolaíochtaí criticiúla spáis i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis. Cuirfimid neart freisin le hathléimneacht slabhraí soláthair Eorpacha gaolmhara chun sláine, slándáil agus oibríochtaí an bhonneagair spáis a áirithiú. Oibreoimid i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe chun bagairtí a laghdú i gcomhréir le hiarrachtaí leanúnacha na Náisiún Aontaithe maidir le noirm, rialacha agus prionsabail iompair fhreagraigh a fhorbairt sa chianspás. Oibreoimid i dtreo cur chuige coiteann ar fud an Aontais maidir le bainistiú spástráchta, ag cur leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí. Déanfaimid freachnaimh chun teacht aniar ár sócmhainní spáis a thástáil, agus sainaithneoimid na bealaí is gá a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí chun freagairt thapa dhaingean a thabhairt ar bhagairtí spásghaolmhara i gcás éigeandála nó géarchéime. Ag eascairt as bailíochtú shásra Galileo um fhreagairt ar bhagairtí, déanfaimid an sásra sin a leathnú chuig comhpháirteanna eile de Chlár Spáis an Aontais. Tá sé mar aidhm againn freisin an dlúthpháirtíocht, an cúnamh frithpháirteach agus an fhreagairt ar ghéarchéimeanna a neartú a thuilleadh i gcás ionsaithe a eascraíonn as an spás nó as bagairtí ar shócmhainní spásbhunaithe, lena n-áirítear trí fhreachnaimh.

Tá an t-aerspás ríthábhachtach chun ár gcríocha agus ár ndaonraí a chosaint agus chun trádáil agus taisteal idirnáisiúnta a dhéanamh chomh maith. Tá gníomhaithe stáit agus neamhstáit ag tabhairt dúshlán dár slándáil, ar chríoch an Aontais agus níos faide i gcéin araon, mar shampla trí eitleáin shibhialtacha a fhuadach agus trí úsáid mhéadaitheach a bhaint as ladrainn agus as teicneolaíochtaí nua. Ardchumais mhíleata amhail aerárthaigh gan foireann, aerchosaintí lár-raoin agus fadraoin, agus forleathadh aerárthaí nua-aimseartha ar fud an domhain, agus is mó a thugann siad dúshlán d'úsáid shábháilte gan bhac aerspáis. Chomh maith leis sin, tá rochtain shaor agus shlán ar an aerspás faoi dhúshlán ag straitéisí frithrochtana agus limistéir a dhiúltú dár n-iomaitheoirí, go háirithe inár gcomharsanacht. I ndlúthchomhar le geallsealbhóirí ábhartha na heitlíochta sibhialta agus le ECAT, leanfaimid ar aghaidh le machnamh straitéiseach chun ár rochtain neamhchonspóidithe ar an aerspás a chaomhnú.

Anuas ar nuashonrú Straitéis Mhuirshlándála an Aontais agus ar an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi, déanfaimid tuilleadh infheistíochta inár **slándáil mhuirí** agus inár láithreacht dhomhanda, agus ar an gcaoi sin, áiritheoimid go mbeidh rochtain gan bhac againn ar an mórmhuir agus ar mhuirlánaí cumarsáide, agus go n-urramófar dlí idirnáisiúnta na mara freisin. I dtaca le gníomhartha gríosaitheacha neamhdhleathacha ar muir, gníomhaíochtaí coiriúla amhail píoráideacht, gáinneáil, díospóidí maidir le limistéir mhuirí agus éilimh iomarcacha, diúltú rochtana agus bagairtí hibrideacha, is nithe iad sin a bhaineann an bonn ónár slándáil mhuirí. D'fhonn ár leasanna muirí agus ár mbonneagar criticiúil muirí a chosaint, lena n-áirítear ar ghrinneall na farraige, cuirfimid feabhas ar ár n-acmhainneacht faisnéis chruinn a bhailiú agus a sholáthar chun an fheasacht staide a neartú, lena n-áirítear trí fhaisnéis a roinnt idir gníomhaithe sibhialta agus míleata. Chuige sin, leanfaimid de réitigh chomhpháirteacha oibríochtúla, cumais agus teicneolaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear tríd an úsáid is fearr a bhaint as creat an Bhuanchomhair Struchtúrtha. Déanfaimid tuilleadh forbartha ar shásra na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe, agus treiseoimid an idirghníomhaíocht agus an comhordú idir ár n-oibríochtaí cabhlaigh CBSC agus gach gníomhaí ábhartha. Chun ár n-ullmhacht agus ár n-athléimneacht mhuirí a mhéadú, beidh freachnaimh chabhlaigh de chuid chabhlaigh agus ghardaí cósta na mBallstát á n-eagrú go rialta againn. Bainfimid leas iomlán as ár mbeartas comhpháirtíochta sa réimse muirí, mar shampla trí bhíthin cuairteanna ar chalafoirt, oiliúint agus freachnaimh, agus forbairt acmhainneachta.

**Cur in aghaidh na sceimhlitheoireachta**

Neartóimid ár bhfreagairt chun gur fearrde cosc agus comhrac na sceimhlitheoireachta. Trí úsáid a bhaint as ár n-ionstraimí CBSC agus as uirlisí eile, tabharfaimid tacaíocht do thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí bhíthin rannpháirtíocht taidhleoireachta agus idirphlé polaitiúil, iarrachtaí cobhsúcháin, cláir chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus trí bhíthin an chomhair i réimse an smachta reachta, agus urraim iomlán do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta á gcur chun cinn ag an am céanna. Cuirfimid dlús lenár rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe agus fóraim iltaobhacha eile, amhail an Fóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda agus an Chomhghuaillíocht Dhomhanda in aghaidh Da’esh. Rachaimid i ngleic freisin le forbairtí nua, amhail úsáid na dteicneolaíochtaí nua chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar líne. Neartóimid a thuilleadh Líonra na Saineolaithe um Fhrithsceimhlitheoireacht i dToscaireachtaí an Aontais.

**An neamhleathadh, an dí-armáil agus an rialú arm a chur chun cinn**

Seasfaimid leis an gcreat iltaobhach um **dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm** agus tabharfaimid tuilleadh tacaíochta dó. Leanfaimid de bheith ag tacú le lárnacht an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus de bheith á chur i dtreis nach mór na hoibleagáidí uile faoin gConradh sin a chur chun feidhme mar aon leis na gealltanais a tugadh le linn na gComhdhálacha Athbhreithnithe a bhí ann cheana, lena n-áirítear an gá le dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i dtreo chur chun feidhme iomlán Airteagal VI, agus é mar sprioc deiridh airm núicléacha a bhuandhíothú. Tá rún daingean againn domhan níos sábháilte agus níos sláine a lorg do chách i gcomhréir le spriocanna an Chonartha ar bhealach a chuireann cobhsaíocht, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta chun cinn. Ní mór dúinn cur lenar gcumas aistrithe doláimhsithe a rialú, lena n-áirítear eolas eolaíoch a rialú nuair is gá. Is é atá i gceist leis sin córais rialaithe onnmhairí atá ann cheana a chosaint agus a threisiú. Agus aghaidh á tabhairt aige ar dhúshláin nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua, tá an tAontas tiomanta i gcónaí d’ailtireacht na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm a chaomhnú. Tá cur chuige comhordaithe le comhpháirtithe ríthábhachtach i ndáil leis sin freisin.

Maidir le rialú arm, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit dlús lena malartuithe agus lena gcuid iarrachtaí maidir le réitigh rialaithe arm a d’fhéadfadh a bheith ann, agus a leasanna slándála á gcur san áireamh acu agus i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe, go háirithe na Stáit Aontaithe agus ECAT. Déanfaimid tuilleadh oibre ar an tsaincheist sin. Leanfaimid de bheith ag iarraidh go dtiocfaidh laghdú ar armlanna na Stát a bhfuil an armlann núicléach is mó acu trí chomhaontuithe iar-Nua START, lena n-áirítear airm núicléacha straitéiseacha agus neamhstraitéiseacha, agus tuilleadh plé maidir le bearta chun muinín a chothú, fíorú, trédhearcacht maidir le doiciméid núicléacha agus bearta chun rioscaí straitéiseacha a laghdú.

**Feabhas a chur ar an athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, tubaistí agus éigeandálaí**

Ní hamháin gur bagairtí iad **an t-athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil** iontu féin, ach is iolraitheoirí riosca iad. Mar thoradh ar an téamh domhanda bíonn **teagmhais adhaimsire agus tubaistí nádúrtha níos minice agus níos tromchúisí** ann, agus méadaítear leochaileacht agus neamhchosaint na n-éiceachóras de bharr díghrádú na n-éiceachóras ar fud an domhain. Cuireann sé sin le baol na héagobhsaíochta sóisialta, eacnamaíche agus polaitiúla i dtíortha leochaileacha. Bíonn tionchar ag an athrú aeráide agus ag an díghrádú comhshaoil ar phríomhbhonneagar fuinnimh, ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta agus ar ghanntanas acmhainní nádúrtha, rud a chuireann leis an neamhionannas sóisialta atá ann faoi láthair agus a nochtann pobail leochaileacha ar chineálacha nua rioscaí. Dá bhrí sin, tá impleachtaí díreacha aige ar ár slándáil agus ar ár gcosaint freisin. Mar thoradh ar aistriú chuig geilleagair aeráidneodracha, d'fhéadfadh tionchair shóisialta, eacnamaíocha agus pholaitiúla a bheith ann, a d'fhéadfadh cur le cásanna ina bhfuil riosca coinbhleachta. Tá tuilleadh measúnaithe á dhéanamh againn ar éifeachtaí éagsúla an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar an tslándáil dhomhanda agus réigiúnach, agus ar ár bhfórsaí armtha agus misin agus oibríochtaí CBSC. Déanfaimid oiriúnú ar earnáil slándála agus cosanta an Aontais agus ar ár rannpháirtíochtaí CBSC agus méadóimid éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, lena n-áirítear lorg comhshaoil ár misean agus ár n-oibríochtaí CBSC, i gcomhréir le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050 faoin gComhaontú Glas don Eoraip, gan an éifeachtacht oibríochtúil a laghdú. Chuige sin, cuirfimid feabhas ar ról na teicneolaíochta glaise agus an digitithe inbhuanaithe sna fórsaí armtha agus in earnáil na cosanta ar bhonn níos leithne. Déanfaimid ceisteanna maidir leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaol a phríomhshruthú freisin i misin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC. Thairis sin, neartóimid ár n-acmhainneachtaí anailíse agus ár gcórais luathrabhaidh i ndáil leis na dúshláin shonracha slándála a eascraíonn as an athrú aeráide agus as an aistriú i dtreo geilleagar atá aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus ciorclach.

Tá cur chuige comhtháite ríthábhachtach chun freagairt ar ghéarchéimeanna móra. Chuir paindéim COVID-19, agus an ghéarchéim san Afganastáin, i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cumas méadaithe a fhorbairt chun ár saoránaigh a tharrtháil agus a aslonnú nuair a bhíonn siad i mbaol lasmuigh dár dteorainneacha. Chuir an phaindéim chun suntais freisin an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag na fórsaí armtha le linn **géarchéimeanna casta**. Is féidir leis na gníomhaithe míleata sna Ballstáit sócmhainní suntasacha a shlógadh chun tacú le gníomhaithe sibhialtacha freagartha ar thubaistí i réimsí amhail tacaíocht agus bonneagar lóistíochta, leighis agus slándála. Ag tógáil ar struchtúir Fhoireann Mhíleata an Aontais atá ann faoi láthair, amhail an tAonad um Pleanála Gluaiseachtaí an Aontais, agus sásraí fóirithinte daonnúla agus tubaiste an Choimisiúin, cuirfimid feabhas ar na cumais cúnaimh mhíleata agus ar an gcomhordú éifeachtach idir na húdaráis shibhialta agus mhíleata ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Leis sin, áiritheofar go mbeidh na gníomhaithe míleata réidh, mar rogha dheireanach, chun cúnamh a thabhairt do na húdaráis shibhialta i gcás éigeandálaí agus tubaistí a bheidh ann amach anseo. Is féidir le Foireann Mhíleata an Aontais rannchuidiú freisin le comhordú tacaíochta agus cúnaimh lóistíochta do na Ballstáit agus do thríú tíortha i ngéarchéim, chomh maith le cur chun feidhme ionstraimí an Aontais amhail an tSaoráid Eorpach um Shíocháin nó, arna iarraidh sin do na Ballstáit, an clásal um chúnamh frithpháirteach i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach. Déanfar sásraí freagartha géarchéime SEGS, ár dtacaíocht chonsalach agus ár slándáil allamuigh a athbhreithniú agus a neartú freisin chun cúnamh níos fearr a thabhairt do na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun a saoránaigh a chosaint agus a tharrtháil thar lear, agus chun tacú lenár dToscaireachtaí Aontais nuair is gá dóibh pearsanra a aslonnú. Agus sinn ag obair leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, tabharfaimid tacaíocht d'iarrachtaí fóirithinte tubaiste sibhialtacha agus ní mór dúinn a áirithiú go mbeimid in ann ár saoránaigh a aslonnú go sábháilte as áiteanna atá buailte ag tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine. Déanfaimid comhordú a mhéadú leis na Náisiúin Aontaithe agus ECAT freisin sa chomhthéacs sin.

**Cuspóirí**

Ní mór dúinn an t-ullmhúchán is fearr a dhéanamh do dhúshláin nua atá ag teacht chun cinn go tapa. Cuirfimid go mór lenár n-athléimneacht. Tabharfaimid le chéile ár n-uirlisí chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha trí Bhosca Uirlisí Hibrideach a fhorbairt. Ciallaíonn sé sin freisin go ndéanfaimid an chibearchosaint agus an chibearshlándáil a dhaingniú agus ár n-acmhainneacht chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a dhíspreagadh agus a chomhrac. Ina theannta sin, ní mór dúinn a bheith in ann ár rochtain agus ár láithreacht ar an mórmhuir, san aer agus sa chianspás a dhaingniú. Tá sé mar aidhm againn ár n-athléimneacht a mhéadú a thuilleadh i gcoinne rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus le tubaistí de dhéantús an duine agus tubaistí nádúrtha agus ag an am céanna iarracht a dhéanamh láithreacht an Aontais a bheidh aeráidneodrach a bhaint amach ar an talamh. Cuirfimid neart lenar gcumas ár saoránaigh a tharrtháil agus a aslonnú nuair a bheidh siad i mbaol lasmuigh dár dteorainneacha. Cuidíonn na hiarrachtaí sin ar fad leis an dlúthpháirtíocht agus an cúnamh frithpháirteach a neartú.

***Faisnéis agus cumarsáid shlán***

- Faoi dheireadh 2022, déanfaidh an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise athbhreithniú ar **Anailísiú an Aontais ar Bhagairtí** i ndlúthchomhar le seirbhísí faisnéise na mBallstát. Déanfar athbhreithnithe rialta agus struchtúrtha den sórt sin gach 3 bliana ar a laghad nó roimhe sin má éilíonn an comhthéacs straitéiseach agus slándála athraitheach é.

- Faoi 2025, déanfaimid ár n-**Acmhainneacht Anailíse Aonair Faisnéise** a neartú trí na hacmhainní agus na hacmhainneachtaí a fheabhsú. Faoi 2025, déanfaimid **Lárionad Satailíte an Aontais Eorpaigh** a neartú freisin chun dlús a chur lenár n-acmhainneacht fhéinrialaitheach faisnéise geospásúla.

- Chun malartú faisnéise a éascú, lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe, iarraimid ar institiúidí an Aontais **caighdeáin agus rialacha breise a ghlacadh in 2022 chun cibearshlándáil agus slándáil faisnéise a áirithiú**.

***Bagairtí hibrideacha, an chibearthaidhleoireacht agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis***

- In 2022, forbróimid **Bosca Uirlisí Hibrideach an Aontais** agus leis sin ba cheart creat a chur ar fáil chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar fheachtais hibrideacha a mbíonn tionchar acu ar an Aontas agus a Bhallstáit ina gcuimseofar, mar shampla, bearta coisctheacha, comhair, cobhsaíochta, sriantacha agus téarnaimh agus trína dtacófar leis an dlúthpháirtíocht agus leis an gcúnamh frithpháirteach. Déanfar gach a bhfuil agus gach arbh fhéidir d'uirlisí an Aontais a thabhairt le chéile, lena n-áirítear Foirne Mearfhreagartha Hibrideacha de chuid an Aontais a chruthú chun tacú leis na Ballstáit, le misin agus le hoibríochtaí CBSC agus le tíortha comhpháirtíochta chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha. Bunaithe ar bhonnlínte earnála an Aontais maidir le hathléimneacht hibrideach agus an staid slándála atá ann faoi láthair, déanfaimid bearnaí, riachtanais agus bearta a shainaithint chun aghaidh a thabhairt orthu. Déanfar athbhreithniú freisin ar an *EU Playbook* maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac.

- In 2022, neartóimid a thuilleadh **Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta**, go háirithe trí bhearta breise freagartha a fhiosrú.

- In 2022, déanfaimid **Bosca Uirlisí um Ionramháil agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis** a fhorbairt. Leis sin, neartófar ár gcumas an bhagairt a bhrath, a anailísiú agus a fhreagairt, lena n-áirítear trí chostais a fhorchur ar dhéantóirí. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar chumais straitéiseacha cumarsáide agus comhraic bréagaisnéise an Aontais. Faoi 2023, cruthóimid sásra iomchuí chun sonraí a bhailiú go córasach i ndáil le teagmhais, arna éascú ag Spás Sonraí tiomnaithe, chun tuiscint choiteann a fhorbairt ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis. Faoi 2024, beidh gach misean agus oibríocht CBSC uile lánfheistithe le cumais agus acmhainní chun uirlisí ábhartha an bhosca uirlisí seo a úsáid.

***Fearainn straitéiseacha***

- In 2022, forbróimid a thuilleadh Beartas Cibearchosanta an Aontais chun cibirionsaithe a bhrath agus a dhíspreagadh agus an tAontas a chosaint orthu sin. In 2022, molfar **Gníomh Cibear-athléimneachta** Eorpach nua agus leanfar leis an obair ar an g**cibearaonad comhpháirteach**.

- Faoi dheireadh 2023, glacfaimid **Straitéis Spáis an Aontais um shlándáil agus cosaint**. Tosóimid le bailíochtú shásra Galileo um fhreagairt ar bhagairtí faoi dheireadh 2022 agus déanfaimid é a leathnú chuig comhpháirteanna eile den chlár. Faoi dheireadh 2022, féachfaimid an féidir an dlúthpháirtíocht, an cúnamh frithpháirteach agus sásraí freagartha géarchéime a úsáid i gcás ionsaithe a eascraíonn as an spás, nó as bagairtí ar shócmhainní spásbhunaithe. Chuige sin, eagróimid freachnaimh freisin ina ndéanfar dlúthpháirtíocht agus freagairt ar imeachtaí agus ar theagmhais i bhfearann an spáis a thástáil, rud a chothóidh a thuilleadh ár gcur chuige straitéiseach comhchoiteann i leith an spáis.

- Faoi 2025, ar bhonn Straitéis Slándála Muirí nuashonraithe an Aontais Eorpaigh, forbróimid agus neartóimid a thuilleadh sásraí feasachta **muirshlándála** an Aontais amhail Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise (CISE) agus Faireachas Muirí (MARSUR) chun idir-inoibritheacht a chur chun cinn, cinnteoireacht a éascú agus tacú le héifeachtacht oibríochtúil mhéadaithe. Cuirfimid le hinfheictheacht ár láithreachta cabhlaigh laistigh agus lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear trí chuairteanna ar chalafoirt, trí oiliúint agus trí fhreachnaimh chomh maith le fothú acmhainneachta.

- Faoi dheireadh 2022, déanfaimid machnamh straitéiseach a chur ar aghaidh maidir le haerspás chun a áirithiú go mbeidh rochtain shaor, shábháilte agus shlán ag an Eoraip ar aerspás.

***Cur in aghaidh na sceimhlitheoireachta***

- Cuirfimid dlús lenár rannpháirtíocht leis na comhpháirtithe straitéiseacha agus i bhfóraim iltaobhacha, agus neartóimid a thuilleadh líonra an Ghrúpa Saineolaithe um Fhrithsceimhlitheoireacht i measc Thoscaireachtaí an Aontais. Faoi thús 2023, déanfaimid athbhreithniú ar uirlisí agus ar chláir de chuid an Aontais a rannchuidíonn le hacmhainneachtaí na gcomhpháirtithe i gcoinne na sceimhlitheoireachta a fhorbairt chun cur lena n-éifeachtacht, lena n-áirítear maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

*An neamhleathadh, an dí-armáil agus an rialú arm a chur chun cinn*

- Faoi 2023, treiseoimid **gníomhaíochtaí nithiúla de chuid an Aontais chun tacú le spriocanna maidir leis an dí-armáil, an neamhleathadh agus an rialú arm**. Cuirfimid lenár dtacaíocht do chomhpháirtithe go háirithe agus cabhróimid leo smachtbhannaí agus nósanna imeachta rialaithe a chur chun feidhme ina n-iomláine. Leanfaimid de bheith ag éileamh go ndéanfaí comhaontuithe iar-START Nua.

*An t-athrú aeráide, tubaistí agus éigeandálaí*

- Faoi dheireadh 2023, i bhfianaise an Treochlár um Athrú Aeráide agus Cosaint a chur chun feidhme ina iomláine, déanfaidh na Ballstáit straitéisí náisiúnta a fhorbairt chun na fórsaí armtha a ullmhú don athrú aeráide. Faoi 2025, beidh comhairleoir comhshaoil ag misin agus oibríochtaí uile CBSC agus tuairisceoidh siad a lorg comhshaoil.

- Cuirfimid feabhas ar **chumas fhórsaí armtha na mBallstát tacú leis na húdaráis shibhialtacha** i gcásanna éigeandála le linn na gcéimeanna pleanála agus seolta araon, agus ag an am céanna cuirfimid feabhas ar an gcomhordú idir na húdaráis shibhialtacha agus mhíleata ar gach leibhéal. Áireofar leis sin freachnaimh bheo agus chomhpháirteacha ina gcumhdófar cásanna a bhaineann le fóirithint tubaistí, chomh maith le cúnamh daonnúil i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla. Faoi 2023, neartóimid **struchtúir Freagartha ar Ghéarchéimeanna SEGS**, lena n-áirítear an **Seomra Staide**, chun feabhas a chur ar ár gcumas freagairt ar éigeandálaí casta amhail oibríochtaí aslonnaithe agus tarrthála thar lear, i ndlúthchomhar leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha.

## 4. INFHEISTIÚ

I gcomhréir le clár oibre Versailles, agus aitheantas á thabhairt do chineál sonrach an bheartais slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe, ní mór dúinn, i bhfianaise na ndúshlán atá romhainn agus chun cosaint níos fearr a thabhairt dár saoránaigh, infheistíocht níos mó agus níos fearr a dhéanamh, ar bhonn diongbháilte, i gcumais chosanta agus i dteicneolaíochtaí nuálacha, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ní mór dúinn ár n-acmhainní cosanta a neartú agus trealamh a thabhairt dár bhfórsaí míleata chun iad a ullmhú do na dúshláin atá romhainn. Ní mór dúinn a bheith níos dána agus níos tapúla chun na **bearnaí criticiúla cumais** a líonadh, an ilroinnt a shárú, idir-inoibritheacht iomlán ár bhfórsaí a bhaint amach agus bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch cosanta Eorpach atá athléimneach, iomaíoch agus nuálach a neartú ar fud an Aontais, rud a áiritheoidh rannpháirtíocht trasteorann na bhfiontar beag agus meánmhéide freisin. Aithnímid le hinfheistíocht bhreise i bhforbairt an chumais chomhoibríoch go n-áiritheofar éifeachtúlacht bhreise, trí bharainneachtaí scála a mhéadú, agus éifeachtacht níos fearr agus sinn ag gníomhú. Tacaíonn sí freisin le nuálaithe agus monaróirí na hEorpa. Is den ríthábhacht é ceannasacht theicneolaíoch a bhaint amach i roinnt réimsí criticiúla teicneolaíochta, **spleáchais straitéiseacha** a mhaolú i réimsí eile, agus leochaileacht ár luachshlabhraí a laghdú má táimid chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le domhan níos contúirtí agus má táimid le bheith níos athléimní. Tá comhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn ar fud an domhain ríthábhachtach, ar bhonn cómhalartach, chun athléimneacht agus slándáil an tsoláthair san Aontas a fheabhsú, agus spleáchais straitéiseacha a laghdú agus sochair fhrithpháirteacha a mhéadú ag an am céanna.

### Treoshuímh straitéiseacha

I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh cheana trí PESCO agus i bhfianaise na ndúshlán straitéiseach atá os ár gcomhair amach, tá sé ag éirí práinneach **níos mó infheistíochta agus infheistíocht níos fearr a dhéanamh**. Dá bhrí sin, déanfaimid ár gcaiteachais chosanta a mhéadú go suntasach, agus an infheistíocht ina cion nach beag de sin, ag díriú ar easnaimh straitéiseacha shainaitheanta. Áiritheoimid go mbeidh cur chuige Eorpach comhordaithe comhoibríoch ann do chaiteachas feabhsaithe den sórt sin ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, chun aschur a uasmhéadú, idir-inoibritheacht a mhéadú agus chun leas iomlán a bhaint as barainneachtaí scála. Chuige sin, sainmhíneoimid treoshuíomhanna straitéiseacha maidir leis na hacmhainní atá riachtanach chun freastal ar ár riachtanais slándála agus ar úsáid iomlán uirlisí an Aontais chun infheistíochtaí comhoibríocha cosanta a dhreasú.

I gcomhréir lenár leibhéal uaillmhéine comhaontaithe, oibreoimid le chéile chun ár bhfórsaí míleata agus ár n-acmhainní sibhialtacha a oiriúnú go mear ionas go mbeidh siad in ann gníomhú go tapa, rannchuidiú lenár leasanna agus ár luachanna, ár n-athléimneacht a fheabhsú agus an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint. Chun na críche sin, forbróimid a thuilleadh fórsaí speictrim iomláin atá lúfar agus gluaisteach, idir-inoibritheach, chun tosaigh ó thaobh na teicneolaíochta de, fuinneamhéifeachtúil agus athléimneach. I gcomhréir le prionsabal na foinse aonair fórsaí, is faoi na Ballstáit atá na fórsaí sin agus is féidir iad a shlógadh i gcreataí eile freisin.

Déanfaimid **pleanáil agus forbairt acmhainní** an Aontais **i dtaca le cumas cosanta** a oiriúnú, go háirithe trí athbhreithniú a dhéanamh ar **chásanna** pleanála cumais phróiseas na bPríomhspriocanna, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar réaltachtaí oibríochtúla, fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus na cumais riachtanacha a chur ar fáil do mhisin agus oibríochtaí CBSC. Áirítear ar chásanna den sórt sin mearimscaradh míleata i dtimpeallacht neamhcheadaitheach, chomh maith le freagairt ar bhagairtí hibrideacha, rochtain a fháil ar réimsí straitéiseacha amhail an mhórmhuir, an t-aerspás, an cibearspás agus an spás, agus cúnamh míleata a chur ar fáil d'údaráis shibhialtacha. Déanfaimid mionsonrú breise ar ghnéithe pleanála straitéisí, amhail am freagartha, fad, comhshaol, achar agus chomhuaineacht na n-oibríochtaí is gá chun na cásanna pleanála cumais a chur in oiriúint. Leanfaidh torthaí phróiseas na bPríomhspriocanna de bheith ina rannchuidiú ríthábhachtach don Phlean Forbraíochta um Chumas, lena gcuimsítear treochtaí cumais chosanta amach anseo agus peirspictíochtaí teicneolaíochta.

Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh gach tionscnamh cosanta agus gach uirlis le haghaidh pleanáil agus forbairt cumais de chuid an Aontais fite fuaite sa **phleanáil cosanta náisiúnta**. Leanfaimid de bheith ag áirithiú go mbeidh torthaí na bpróiseas sin comhleanúnach le torthaí phróisis ECAT faoi seach. Leis sin, cuirfear feabhas ar ullmhacht, stóinseacht agus idir-inoibritheacht na foinse aonair fórsaí.

Chun éifeachtacht misin shibhialtacha CBSC a mhéadú, forbróimid próiseas acmhainneachtaí agus cumais shibhialtacha chun struchtúr níos fearr a chur ar fáil do mhisin shibhialtacha CBSC agus aghaidh a thabhairt i dteannta a chéile ar na riachtanais a bhaineann leo, bunaithe ar chásanna a fhreagraíonn ar bhagairtí nua. Chuir tabhairt isteach an **Stórais Straitéisigh** agus an **Ardáin Tacaíochta Misin** lenár gcumas trealamh agus seirbhísí a chur ar fáil do mhisin shibhialtacha CBSC. Chomh maith le soláthar foirne ar ardchaighdeán agus dea-oilte a áirithiú, déanfaimid a áirithiú go bhféadfar an trealamh is gá a sheachadadh chuig misin shibhialtacha níos tapa fós, lena n-áirítear trealamh lena mbeidh misin in ann oibriú i dtimpeallachtaí nach bhfuil chomh ceadaitheach.

**Cumais chomhleanúnacha agus uaillmhianacha**

I gcreat déthaobhach nó iltaobhach, tá roinnt Ballstát i mbun **príomhthionscadail straitéiseacha cumais** a fhorbairt, amhail córais aerárthaí don chéad ghlúin eile, Eurodrone, aicme nua de shoitheach cabhlaigh Eorpach agus príomhchóras talamhchomhraic. Leo sin, déanfar difear inbhraite ar shlándáil agus cosaint na hEorpa amach anseo agus beidh cóineasú mar thoradh orthu le himeacht ama. Beidh cur i bhfeidhm na moltaí a comhaontaíodh faoin Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint ríthábhachtach i ndáil leis sin.

Chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh sna cumais agus sa nuálaíocht a bheidh ann amach anseo, ní mór dúinn úsáid níos fearr a bhaint as forbairt cumais chomhoibríoch agus iarrachtaí comhthiomsaithe, lena n-áirítear trí chúraimí speisialtóireachta idir na Ballstáit a fhiosrú. Cuirfimid le samplaí ar éirigh leo amhail an Flít Eorpach Tancaer agus Iompair Il-Raonach Ilnáisiúnta.

Laistigh de chreat an Aontais Eorpaigh agus go háirithe tríd an mBuanchomhar Struchtúrtha agus an Ciste Eorpach Cosanta, tá córais ceannais agus rialaithe, feithiclí armúrtha, córais diúracán agus airtléire, coirbhéid phatróil, córais aeir agus mhuirí gan foireann, cumais cogaidh leictreonacha, faireachas spáis, cibear mearfhreagartha, agus córais oiliúna ardteicneolaíochta á bhforbairt againn cheana. Déanfaimid tuilleadh infheistíochta i g**cumasóirí straitéiseacha**, agus níos ginearálta sna cumais is gá chun raon iomlán na misean agus na n-oibríochtaí a chur i gcrích mar a leagtar amach inár leibhéal comhaontaithe uaillmhéine. Cuirfimid feabhas ar ár n-iarrachtaí chun easnaimh cumais chriticiúla a mhaolú, amhail aeraistriú straitéiseach, sócmhainní nascachta agus cumarsáide spásbhunaithe, cumais amfaibiacha, sócmhainní leighis, cumais chibearchosanta agus Faisnéis, cumais Faireachais agus Taiscéalaíochta agus Córais Aerárthaí Cianrialaithe.

Ní mór dúinn an ilroinnt a laghdú agus cumais na chéad ghlúine eile a fhorbairt. Chun na críche sin, geallaimid na moltaí ón gcéad **Athbhreithniú Bliantúil Comhordaithe ar Chosaint** riamh a foilsíodh in 2020 a thabhairt chun cinn, lena n-áirítear na sé réimse fócais chomhaontaithe cumais a bhainfeadh tairbhe as comhar cosanta feabhsaithe i measc na mBallstát. Is iad seo Príomh-Thanc Catha, Córais Saighdiúirí, árthach Eorpach dromchla d'Aicme Phatróil, cumais maidir le Séanadh Limistéir trí Fhrith-Rochtain agus Córais in aghaidh Aerárthaí Gan Foireann, an Chosaint sa Spás agus Soghluaisteacht Fheabhsuithe Mhíleata.

Chun gníomhú go gasta agus ár saoránaigh a chosaint, oibreoimid le chéile chun bearnaí criticiúla a dhúnadh. Bainfimid leas iomlán as an mBuanchomhar Struchtúrtha agus as an gCiste Eorpach Cosanta chun córais ardleibhéil idir-inoibritheacha agus ardteicneolaíochtaí a fhorbairt. Táimid tiomanta na cumais straitéiseacha seo a leanas a fhorbairt trí thionscadail chomhoibritheacha, go háirithe:

- I **réimse na talún**, is den ríthábhacht é go mbeidh an tAontas in ann oibríochtaí bainistithe géarchéime a dhéanamh agus a bhuntáiste teicneolaíoch a áirithiú ar an láthair, lena n-áirítear i dtimpeallacht bagartha ard-déine. Cuirfear tús le braisle chuimsitheach cumas talún agus mar thoradh air sin déanfar na hardáin mhóra reatha agus na córais lóistíochta a bhaineann leo a uasghrádú, a nuachóiriú agus a ionadú go forchéimnitheach. Beidh na réimsí fócais Córais Shaighdiúirí agus Príomhthancanna Catha ina rannchuidiú tábhachtach leis na hiarrachtaí sin.

- Sa **réimse muirí**, chun láithreacht níos teanntásaí ar muir ag an Aontas a áirithiú, chomh maith leis an gcumas cumhacht a léiriú, tá ardáin chabhlaigh ardleibhéil ag teastáil, lena n-áirítear ardáin gan foireann do rialú dromchla agus faoi uisce. Is céim sa treo ceart an réimse fócais Árthach Dromchla Eorpach d'Aicme Patróil.

- I **réimse an aeir**, is gá cumais den chéad ghlúin eile atá go hiomlán idir-inoibritheach a fhorbairt chun an buntáiste atá againn a bhunú agus a choimeád, go háirithe córais chomhraic don todhchaí chomh maith le córais aerchosanta. Déanfaimid na córais aerchomhraic atá beartaithe don todhchaí, lena n-áirítear córais aeir chianrialaithe, a chomhtháthú de réir a chéile sna flíteanna de chórais comhraic atá ann cheana ar bhealach idir-inoibritheach. Ní mór iarrachtaí a dhéanamh freisin maidir leis na príomhchumasóirí, go háirithe an cumas aertharlaithe idir láithreacha. Rannchuidíonn an réimse fócais acmhainneachtaí Frithrochtana agus Diúltaithe Limistéir agus Córais in aghaidh Aerárthaí Gan Foireann le gné aerchosanta na n-iarrachtaí sin.

- I **réimse an spáis**, forbróimid braiteoirí agus ardáin nua le teicneolaíocht cheannródaíoch a chuirfidh ar chumas an Aontais agus na mBallstát an rochtain atá aige ar an spás a fheabhsú agus a shócmhainní spásbhunaithe a chosaint. Is é atá i gceist leis sin, go háirithe, faire spásbhunaithe na cruinne a fhorbairt, chomh maith le teicneolaíochtaí le haghaidh fheasacht staide an spáis agus seirbhísí cumarsáide agus loingseoireachta spásbhunaithe, atá ríthábhachtach chun cinnteoireacht neamhspleách a chur ar fáil. Is céad chéim sa treo ceart é an réimse fócais Cosaint sa Spás.

- Sa **chibir-réimse**, ní mór dár bhfórsaí oibriú ar bhealach comhordaithe, eolasach agus éifeachtúil. Dá bhrí sin, forbróimid teicneolaíochtaí nua agus bainfimid dianúsáid astu, go háirithe ríomhaireacht chandamach, intleacht shaorga agus mórshonraí, chun buntáistí comparáideacha a bhaint amach, lena n-áirítear i dtéarmaí oibríochtaí cibearfhreagartha agus barr feabhais faisnéise. Tá an chibearchosaint ríthábhachtach chun a áirithiú go nochtfar poitéinseal iomlán an réimse fócais Soghluaisteacht Mhíleata Fheabhsaithe mar chumasóir bunriachtanach.

Táimid tiomanta dlús a chur lenár gcomhar maidir le forbairt cumais, go háirithe tríd an m**buanchomhar struchtúrtha**. Go nithiúil, ciallaíonn sé sin nach mór do na Ballstáit atá rannpháirteach sa bhuanchomhar struchtúrtha na gealltanais níos ceangailtí uile atá tugtha acu a chomhlíonadh faoi 2025. In 2025, soláthróidh aon trian de na 60 tionscadal buanchomhair struchtúrtha atá ar siúl faoi láthair an cumas a bhfuil súil leis agus bainfidh siad amach a gcuspóirí. Chomh maith leis na torthaí nithiúla sin, is í an sprioc atá againn dul níos faide ná sin agus na tosaíochtaí cumais a comhaontaíodh a chur chun feidhme agus tionscadail uaillmhianacha nua a fhorbairt. Déanfaimid athbhreithniú géar ar chomhlíonadh na ngealltanas sin chun bheith in ann teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais nua in 2025 chun an comhar cosanta a dhoimhniú a thuilleadh.

Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht iomlán ionstraimí cistiúcháin an Aontais, go háirithe **an Ciste Eorpach Cosanta,** a fheabhsú agus leas a bhaint astu, chun ár cumais chosanta a neartú agus chun fórsaí na mBallstát a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar na láithreacha catha a bheidh ann amach anseo. Ní mór dúinn borradh breise a chur faoin gcomhar agus faoi na cumais ionas go mbeidh an comhar tionsclaíoch cosanta laistigh den Aontas ina ghnáthchleachtas. Leis sin, bainfear an leas is mó is féidir as uirlisí airgeadais níos leithne an Aontais chun tacú le comhair cosanta na mBallstát, ó chéim an cheaptha go dtí céim na fála. Ciallaíonn sé sin freisin gur cheart dúinn a bheith faoi réir chun an uaillmhian mhéadaithe ar leibhéal an Aontais a chur in oiriúint d’ualach airgeadais fadtéarmach leordhóthanach an Chiste Eorpaigh Cosanta. Déanfaimid infheistíocht chomhoibríoch chosanta ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear Taighde agus Teicneolaíocht, a fheabhsú agus a ghiaráil. Déanfaimid an poitéinseal a ghabhann le sineirgí le hionstraimí eile de chuid an Aontais, amhail Fís Eorpach, an clár don Eoraip Dhigiteach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, Clár Spáis an Aontais Eorpaigh, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus an clár InvestEU a shaothrú ina n-iomláine. Chun iomaíochas thionscal cosanta an Aontais a neartú, oibreoimid chun soláthar comhpháirteach acmhainní cosanta a dhreasú a thuilleadh, ar cumais iad a fhorbraítear ar bhealach comhoibríoch laistigh den Aontas. Chuige sin, caithfear tuilleadh oibre a dhéanamh ar na tograí ón gCoimisiún, *inter alia* maidir le tarscaoileadh CBL, réitigh nua mhaoiniúcháin agus atreisiú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar chóras bónais EDF.

Tabharfaimid chun cinn freisin obair leanúnach atá á déanamh chun ár gcleachtais rialaithe maidir le honnmhairiú arm le haghaidh cumais chosanta a chuíchóiriú agus a chóineasú a thuilleadh de réir a chéile, ar cleachtais iad a fhorbraítear go comhpháirteach, go háirithe i gcreat de chuid an Aontais, agus ar an gcaoi sin áiritheofar go mbainfidh táirgí arna gcistiú ón gCiste Eorpach Cosanta leas as rochtain leordhóthanach iomaíoch ar mhargaí idirnáisiúnta, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008 ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus é sin gan dochar do chinntí ceannasacha na mBallstát.

Déanfaimid an **comhchuibheas idir tionscnaimh an Aontais a bhaineann le cosaint** – athbhreithniú comhordaithe bliantúil ar chosaint, buanchomhar struchtúrtha agus an Ciste Eorpach Cosanta – a uasmhéadú. I ndáil leis an méid sin, déanfaidh an tArdionadaí/Leas-Uachtarán/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint cathaoirleacht ar chruinnithe na n-airí cosanta gach bliain maidir le tionscnaimh chosanta de chuid an Aontais lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt cumais, agus leas iomlán á bhaint as formáidí atá ann cheana.

**<u>Nuálaíocht, teicneolaíochtaí suaiteacha agus laghdú a dhéanamh ar spleáchais straitéiseacha</u>**

Tá athmhúnlú á dhéanamh ar ghnóthaí míleata agus ar mhargaí na cosanta ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, amhail **an intleacht shaorga**, ríomhaireacht chandamach, ardtiomáint, bith-theicneolaíocht agus nanaitheicneolaíocht agus ábhair nua agus acmhainneachtaí tionsclaíocha. Tá infheistíocht á déanamh againn i dteannta a chéile cheana féin sa **nuálaíocht chosanta** trí thaighde sibhialta, taighde spáis agus taighde cosanta a thabhairt le chéile agus trí chaighdeáin nua a fhorbairt. Mar sin féin, cuirfimid dlús lenár n-iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus trí ionstraimí AE a úsáid ar bhealach níos uaillmhianaí chun a bheith níos ullmhaithe do choimhlintí amach anseo agus do theicneolaíocht den chéad ghlúin eile. Áiritheoimid go ndéanfar an plean gníomhaíochta um shineirgí idir tionscail shibhialta, chosanta agus spáis a chur chun feidhme ar bhealach uaillmhianach. Cuirfimid **mol nuálaíochta cosanta** ar bun freisin laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, a oibreoidh i gcomhar leis an gCoimisiún, chun an comhar maidir le nuálaíocht chosanta a mhéadú agus a chomhordú i measc na mBallstát. I ndáil leis an méid sin, áiritheoimid go mbeidh sineirgí ann leis an gComhairle Nuálaíochta Eorpach agus le gníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh Cosanta i réimse na dteicneolaíochtaí suaiteacha. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, scéim Eorpach um nuálaíocht i réimse na cosanta a fhorbairt chun dlús a chur le nuálaíocht slándála agus cosanta don Aontas agus a Bhallstáit.

Is tábhachtaí ná riamh é go mbeidh **bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí nuálach, iomaíoch agus athléimneach** ann lena ráthófar slándáil an tsoláthair agus teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus tá an bonn sin ríthábhachtach don fhostaíocht, trádáil, infheistíocht, slándáil agus taighde san Aontas. Is féidir le hearnáil cosanta na hEorpa rannchuidiú freisin leis an bhfás agus leis an téarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe tar éis na paindéime. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh sé in ann tairbhe iomlán agus thapa a bhaint as timthriallta nuálaíochta sibhialta agus bacainní atá ann cheana a bhaint. Déanfaimid infheistíocht freisin i dteicneolaíochtaí dé-úsáide. Tá sé sin ríthábhachtach, toisc go bhfuil ár n-iomaitheoirí straitéiseacha ag infheistiú go tapa i dteicneolaíochtaí criticiúla agus ag tabhairt dúshlán dár **slabhraí soláthair** agus rochtain ar acmhainní. De réir mar a thagann athrú ar thírdhreach na teicneolaíochta, leis na creataí nua comhair is féidir linn ilroinnt agus neamhéifeachtúlachtaí an ama atá thart a sheachaint agus cur chuige Eorpach a shaothrú ón tús. Cuirfimid dlús le taighde, le forbairt teicneolaíochta agus leis an nuálaíocht agus laghdóimid ár spleáchais straitéiseacha ar theicneolaíochtaí criticiúla agus ar shlabhraí luacha. Sa Treochlár maidir le teicneolaíochtaí criticiúla don tslándáil agus don chosaint ón gCoimisiún Eorpach, moltar modheolaíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin trí chomhar níos dlúithe idir an tAontas agus na Ballstáit. D'fhéadfadh sin rannchuidiú le cur le hathléimneacht gheilleagar na hEorpa agus slabhraí luacha a neartú i gcomhréir le Tairseach Dhomhanda an Aontais.

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht shibhialta i réimse na cosanta má táthar chun **an cheannasacht theicneolaíoch** atá againn a fheabhsú, spleáchais straitéiseacha a laghdú agus maoin intleachtúil san Aontas a chaomhnú. Leis an bhFaireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla, leanfaimid de na spleáchais straitéiseacha sin in earnáil na slándála agus na cosanta a fhaireachán agus a shainaithint. Rannchuideoidh plean gníomhaíochta um theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) leis na hiarrachtaí sin freisin. Déanfaimid sineirgí a chothú freisin idir an taighde agus an nuálaíocht sna réimsí sibhialtach, cosanta agus spáis, agus infheisteoimid i dteicneolaíochtaí agus i nuálaíocht chriticiúil atá ag teacht chun cinn i réimsí na slándála agus na cosanta. Beidh gá le hathléimneacht rochtain ár slabhraí soláthair agus ár dtionscal ar chistiú príobháideach a neartú ar mhaithe le bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí. Ba cheart don Bhanc Eorpach Infheistíochta a chuid uirlisí go léir chun cur leis an iarracht sin. Tá sé chomh tábhachtach céanna a áirithiú go leanfaidh beartais chothrománacha de chuid an Aontais, amhail tionscnaimh maidir le maoiniú inbhuanaithe, de bheith comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais Eorpaigh **rochtain leordhóthanach ar mhaoiniú agus ar infheistíocht, idir phoiblí agus phríobháideach**, a éascú do thionscal cosanta na hEorpa. Tá sé ríthábhachtach fós go mbainfear úsáid iomlán as creat an Aontais agus as sásraí náisiúnta le h**infheistíocht dhíreach choigríche a scagadh** chun rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a shainaithint agus a mhaolú, lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le hinfheistíochtaí in earnáil na cosanta. Fiosróimid tograí breise chun na rioscaí a mhaolú do chuideachtaí a tháirgeann teicneolaíochtaí criticiúla agus táirgí criticiúla agus a mbíonn orthu dul i ngleic le héadáil lasmuigh den Aontas. Ba cheart sásraí náisiúnta um scagadh a bheith i bhfeidhm i ngach Ballstát a luaithe is féidir. Ina theannta sin, ba cheart na huirlisí chun bearta seach-chríochacha agus iarrachtaí ar chomhéigean eacnamaíoch a mbíonn tionchar acu ar leasanna straitéiseacha agus ar thionsclaíocht an Aontais a chomhrac a neartú a thuilleadh. I réimse na cibearshlándála, déanfaimid an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála a oibríochtú go pras chun **cibir-éiceachóras tionsclaíoch teicneolaíoch** Eorpach láidir a fhorbairt, chun tacú le cuideachtaí arb í an chibearshlándáil a sainchúram agus chun acmhainní agus scileanna cibearshlándála agus cibearchosanta a mhéadú a thuilleadh ar leibhéal an Aontais.

Tá sé ríthábhachtach **teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha** a fhorbairt chun buntáiste míleata a choinneáil, lena n-áirítear tríd an mbuiséad atá tiomnaithe faoin gCiste Eorpach Cosanta. Tá teicneolaíochtaí straitéiseacha agus sonraí á n-úsáid níos mó ná riamh ag ár n-iomaitheoirí gan **na noirm idirnáisiúnta agus an rialáil idirnáisiúnta** atá ann cheana a urramú. Dá bhrí sin, ní mór dúinn anailís níos fearr a dhéanamh ar threochtaí agus spleáchais sna teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn agus sna teicneolaíochtaí suaiteacha agus ar an gcaoi a bhfuil úsáid níos mó á mbaint astu de réir a chéile ag iomaitheoirí straitéiseacha. Chuige sin, bainfimid úsáid as an bhFaireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla de chuid an Choimisiúin chun spleáchais ríthábhachtacha, amhail leathsheoltóirí, néalteicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí ciumhais, ríomhaireacht chandamach agus an intleacht shaorga a chomhordú agus chun tuiscint iomlán a fháil orthu. I ndáil leis sin, cuirfimid leis an obair atá déanta ag GEC ar phríomhghníomhaíochtaí straitéiseacha freisin. Déanfaimid rioscaí do shlándáil an tsoláthair a mhaolú agus cuirfimid dlús i dteannta a chéile lenár n-iarrachtaí trí infheistíocht a dhéanamh ar bhonn comhchoiteann i dteicneolaíochtaí atá ríthábhachtach don tslándáil agus don chosaint agus na teicneolaíochtaí sin a chosaint. Oibreoimid leis na comhpháirtithe uile chun na caighdeáin ábhartha eiticiúla agus dlíthiúla a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, beidh an comhar eadrainn laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe ríthábhachtach, go háirithe agus noirm choiteanna á sainiú agus á gcur i bhfeidhm sa Choinbhinsiún maidir le Gnáth-Armáin Áirithe.

Ar deireadh, ní mór dúinn leas a bhaint as an nuálaíocht chun **éifeachtúlacht fuinnimh** na hearnála cosanta a fheabhsú, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí CBSC, gan an éifeachtacht oibríochtúil a laghdú. Forbróimid tagarmharcanna agus caighdeáin chomhchoiteanna maidir húsáid níos mó a bhaint as foinsí fuinnimh inathnuaite agus le haghaidh athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a bhaineann le cosaint. Cuirfear béim ar leith ar an nuálaíocht agus ar chaighdeáin lena bhféadfar lorg comhshaoil na bhfórsaí armtha a laghdú agus deiseanna a chruthú chun comhpháirteanna luachmhara agus ábhair ghanna a athúsáid.

**Cuspóirí**

Déanfaimid ár gcaiteachais chosanta a fheabhsú go mór chun go mbeidh sé ar aon dul lenár n-uaillmhian chomhchoiteann bearnaí ríthábhachtacha ó thaobh cumais mhíleata agus shibhialtacha a laghdú. Neartóimid freisin bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí ar fud an Aontais, lena n-áiritheofar rannpháirtíocht trasteorann na bhfiontar beag agus meánmhéide freisin. I gcomhréir leis na gealltanais cheangailteacha faoin mbuanchomhar struchtúrtha, méadófar go tráthrialta ar an gcaiteachas ar chosaint i dtéarmaí réadacha chun go mbeidh sé ar aon dul lenár n-uaillmhian chomhpháirteach a mhéid a bhaineann leis an gcosaint. Amach anseo, déanfaimid an infheistíocht chomhoibríoch sa chosaint a mhéadú agus a ghiaráil a thuilleadh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear sa taighde agus teicneolaíocht, tríd an gCiste Eorpach Cosanta[2]. Déanfaimid infheistíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, laghdóimid ár spleáchais straitéiseacha, cinnteoimid ár slabhraí soláthair agus neartóimid cosaint ár maoine intleachtúla. Ina theannta sin, comhoibreoimid le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn ar fud an domhain, ar bhonn cómhalartach, chun sochair fhrithpháirteacha a mhéadú.

*Caiteachais chosanta*

- Faoi lár 2022, agus lánurraim á tabhairt do na sainchumais náisiúnta agus i gcomhsheasamh lenár ngealltanas, lena n-áirítear gealltanais a thugamar in eagraíochtaí eile, beidh plé againn faoinár **gcuspóirí náisiúnta maidir le caiteachas cosanta méadaithe agus feabhsaithe** chun freastal ar ár riachtanais slándála, aschur a uasmhéadú, idir-inoibritheacht a mhéadú agus leas iomlán a bhaint as barainneachtaí scála, lena n-áirítear trí chur chuige Eorpach comhordaithe comhoibríoch agus trí úsáid iomlán a bhaint as uirlisí an Aontais.

- Iarraimid ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, **anailís a dhéanamh ar na bearnaí san infheistíocht i réimse na cosanta** faoi lár mhí na Bealtaine agus aon tionscnamh eile a mholadh atá riachtanach chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú.

- **Forbróidh** an Coimisiún **dreasachtaí breise** chun spreagadh a thabhairt do na Ballstáit infheistíochtaí comhoibríocha a dhéanamh i gcumais chosanta straitéisí, go háirithe na cinn sin atá le forbairt agus/nó le soláthar go comhpháirteach i gcreataí comhair an Aontais Eorpaigh, agus tuairisceoidh sé ar fhorbairtí, ar bhacainní agus ar dheiseanna a bhaineann le tionscadail ilnáisiúnta cumais cosanta sa Tuarascáil Bhliantúil ar an Margadh Aonair.

*Forbairt cumais*

- Faoi 2023, **déanfaimid athbhreithniú ar ár bpróiseas um príomhspriocanna** agus tabharfaimid forbairt an chumais mhíleata níos gaire do riachtanais oibríochtúla, rud a chuirfidh go mór leis an bPlean Forbartha Cumas. Faoi lár 2022, forbrófar na gnéithe maidir leis an bpleanáil straitéiseach is gá chun na cásanna pleanála cumais a oiriúnú.

- Ó 2022 ar aghaidh, déanfaidh an tArdionadaí/Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ceann na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint **cruinnithe bliantúla na n-airí cosanta maidir le tionscnaimh chosanta an Aontais lena dtugtar aghaidh ar fhorbairt cumais** a eagrú agus beidh siad ina gcathaoirligh orthu, agus leas iomlán á bhaint as formáidí atá ann cheana.

---

[2] Déanfar sin gan dochar do chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile an Aontais.

- Faoi 2024, bunófar **próiseas forbartha maidir le cumas sibhialtach** chun na riachtanais chumais a mheas, chun ceanglais a shainiú, chun anailís a dhéanamh ar bhearnaí agus chun athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar an dul chun cinn atá déanta i gcomhréir leis an gcomhshocrú sibhialtach CBSC nua.

***Cumais straitéiseacha***

- Táimid tiomanta ár dtionscnaimh chosanta AE a úsáid chun bearnaí criticiúla maidir le **cumasóirí straitéiseacha** a laghdú cuid mhaith faoi 2025, go háirithe a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht mhear-imscartha an Aontais, amhail an t-aeraistriú straitéiseach, sócmhainní cumarsáide spáis, cumais amfaibiacha, sócmhainní leighis, cumais chibearchosanta agus acmhainneachtaí faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta.

- Suas go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin freisin, déanfaimid ár n-iarrachtaí forbartha cumas a dhíriú ar chumais den chéad ghlúin eile i ngach réimse, lena n-áirítear ar leibhéal an chórais agus ar leibhéal an fhochórais feadh na réimsí fócais arna sainaithint ag CARD, go háirithe:

    - I **réimse na talún**, déanfaimid na córais saighdiúirí a nuachóiriú mar chroílár chosaint na bhfórsaí aonair agus na héifeachtachta oibríochtúla i ngach cineál oibríochta, agus forbróimid córas tancanna catha mar chumas den chéad ghlúin eile don Aontas i ngnáthoibríochtaí ard-déine agus in oibríochtaí bainistithe géarchéime.

    - Sa **réimse muirí**, d'fhonn feabhas a chur ar fheasacht staide muirí agus ar chosaint fórsaí, in ionad soithí patróil cois cósta agus amach ón gcósta forbróimid ardáin chabhlaigh ardleibhéil a bheidh líonraithe go digiteach, lena n-áirítear ardáin chabhlaigh gan foireann.

    - I **réimse an aeir**, forbróimid córais chomhraic don todhchaí mar chumas den chéad ghlúin eile atá idir-inoibritheach go hiomlán chun buntáiste san aer a áirithiú. Comhlánófar é sin le Córais in aghaidh Aerárthaí Gan Foireann agus cuideoidh sé le caighdeán Eorpach a bhunú maidir le hacmhainneachtaí frithrochtana agus diúltaithe limistéir.

    - I **réimse an spáis**, forbróimid braiteoirí agus ardáin nua le haghaidh fhaire spásbhunaithe na cruinne, chomh maith le teicneolaíochtaí le haghaidh fheasacht staide an spáis agus seirbhísí cumarsáide spásbhunaithe.

    - Sa **chibir-réimse**, cuirfimid dlús lenár n-iarrachtaí chun ár gcumais a fhorbairt agus a nascadh chun an athléimneacht agus cumas is gá a chur ar fáil chun gníomhú i ngach réimse, ag díriú go háirithe ar an tsoghluaisteacht fheabhsaithe mhíleata, ar cumasóir bunriachtanach í.

- Faoi 2023, chun go leanfar de bheith in ann cumais a fhorbairt san Eoraip, déanfaimid bearta chun **rochtain ar chistiú príobháideach** don tionscal cosanta a chur chun cinn agus a éascú, agus ag an am céanna, bainfear an leas is fearr as an mBanc Eorpach Infheistíochta.

- Forbróimid tuilleadh dreasachtaí chun spreagadh a thabhairt d'infheistíochtaí comhoibríocha na mBallstát i d**tionscadail chomhpháirteacha** agus i **soláthar comhpháirteach** cumas cosanta a fhorbraítear ar bhealach comhoibríoch laistigh den Aontas. Áirítear leis sin, *inter alia*:

  - Faoi thús 2023, obair a dhéanamh ar thogra ón gCoimisiún lena gcumasófaí **tarscaoileadh CBL** chun tacú le soláthar agus úinéireacht chomhpháirteach cumas cosanta, ar cumais iad a fhorbraítear ar bhealach comhoibríoch laistigh den Aontas;

  - Faoi lár 2023, obair a dhéanamh ar thograí atá ar na bacáin le haghaidh **réitigh nua maoiniúcháin** chun soláthar comhpháirteach cumas cosanta straitéiseacha an Aontais a éascú do na Ballstáit;

  - Ach an mheastóireacht eatramhach ar an gCiste Eorpach Cosanta a bheith curtha i gcrích, obair a dhéanamh ar leasú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta chun **córas bónais EDF** a choigeartú agus a threisiú nuair a thugann na Ballstáit gealltanas go ndéanfaidh siad na cumais chosanta atá á bhforbairt a fháil agus/nó seilbh a ghlacadh orthu go comhpháirteach.

***Teicneolaíochtaí agus spleáchais straitéiseacha i réimse na slándála agus na cosanta***

- In 2022, bunóimid **mol nuálaíochta cosanta** laistigh den Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún chun na sineirgí lena sraitheanna oibre gaolmhara a shaothrú, lena n-áirítear Scéim AE maidir le nuálaíocht i réimse na cosanta. Saineofar paraiméadair an Mhoil seo faoi chuimsiú na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

- Ó 2022 ar aghaidh, déanfaimid spleáchais straitéiseacha in earnáil na cosanta a shainaithint a thuilleadh tríd an bh**Faireachlann um Theicneolaíochtaí Criticiúla** agus gníomhóimid chun iad a laghdú trí ionstraimí agus beartais an Aontais agus na mBallstát a shlógadh, agus trí fhéachaint ar aon bhearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna cinn sin atá ar fáil. Oibreoimid i gcomhar leis an gCoimisiún agus le GEC maidir le cur chuige comhordaithe straitéiseach uile-Aontais a fhorbairt ón tús le haghaidh teicneolaíochtaí criticiúla a bheidh ábhartha don tslándáil agus don chosaint. I ndáil leis sin, cuirfimid leis an obair atá déanta ag GEC ar phríomhghníomhaíochtaí straitéiseacha freisin. Leanfaimid d'úsáid a bhaint as **creat an Aontais Eorpaigh um scagadh infheistíochta dírí agus coigríche** ar eagla go gcuirfeadh infheistíocht in earnáil cosanta an Aontais an tslándáil nó an t-ord poiblí i mbaol. Fiosróimid tograí breise chun na rioscaí sin a mhaolú d'earnáil cosanta an Aontais.

- Ó 2022 ar aghaidh, cuirfimid borradh breise faoin taighde, faoin bhforbairt teicneolaíochta agus faoin nuálaíocht ar fud an Aontais agus laghdófar ar ár **spleáchais straitéiseacha** i dteicneolaíochtaí agus i luachshlabhraí atá ríthábhachtach don tslándáil agus don chosaint, ar bhonn Chlár Oibre Uileghabhálach Straitéiseach um Thaighde GEC agus ar bhonn an Treochláir maidir le teicneolaíochtaí criticiúla don tslándáil agus don chosaint atá molta ag an gCoimisiún Eorpach.

- In 2023, déanfaimid measúnú, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar an riosca atá ann do **shlabhraí soláthair ár mbonneagair chriticiúil**, go háirithe sa réimse digiteach, chun cosaint níos fearr a thabhairt do leasanna slándála agus cosanta an Aontais.

## 5. OBAIR LE COMHPHÁIRTITHE

Is ionstraim bhunriachtanach iad na comhpháirtíochtaí chun tacú le huaillmhian an Aontais a bheith ina ghníomhaí straitéiseach domhanda. Tairbheoidh comhpháirtithe freisin d'Aontas a bheidh níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta. Is féidir leo cabhrú linn chun **an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus an t-iltaobhachas éifeachtach a chaomhnú**, agus na Náisiúin Aontaithe ina gcroílár, agus noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos agus rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil ar fud an domhain. Déanfaimid comhpháirtíochtaí saincheaptha a threisiú i gcás inar comhpháirtíochtaí **atá chun tairbhe don dá thaobh** iad agus ina bhfónfaidh siad do leasanna an Aontais agus ina dtacóidh siad dár luachanna, go háirithe nuair a bheidh comhthiomantas ann do chur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, fothú acmhainneachta agus athléimneachta. Tá ailíniú dlúth ar shaincheisteanna CBES ríthábhachtach ina leith sin freisin, go háirithe i dtaca le saincheisteanna a bhfuil leasanna coiteanna i gceist leo. Tá cuntas teiste fada orainn maidir lena bheith ag obair i gcomhar le **comhpháirtithe** agus bímid gníomhach i mbun a rannpháirtíocht a lorg i misin agus oibríochtaí sibhialtacha agus míleata CBSC.

Is den fhíor-riachtanas é go gcomhlíonann ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha a bpoitéinseal agus go dtugaimid aghaidh ar na hathruithe móra slándála atá ar siúl faoi láthair. Leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh in **athléimneacht na gcomhpháirtithe** i stáit chomharsanachta agus níos faide i gcéin, go háirithe trí ionstraimí síochána, slándála, comharsanachta, forbartha agus comhair an Aontais i gcoitinne.

### Comhpháirtithe iltaobhacha agus réigiúnacha

Tá comhpháirtíocht straitéiseach an Aontais le ECAT ríthábhachtach dár slándáil Eora-Atlantach mar a léiríodh arís i gcomhthéacs an fhogha mhíleata atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin in 2022. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí an chomhpháirtíocht thábhachtach sin a fheabhsú a thuilleadh chun an ceangal trasatlantach a chothú. Ag tógáil ar an dul chun cinn dífhasaigh atá déanta ó 2016 i leith maidir leis an gcomhar le **ECAT** a neartú, ní mór tuilleadh céimeanna uaillmhianacha nithiúla a thabhairt chun comhfhreagraí a fhorbairt ar bhagairtí nua agus ar dhúshláin chomhchoiteanna. Is iad na Dearbhuithe Comhpháirteacha a síníodh in 2016 agus in 2018 príomhcholúin an chomhair sin. De mheon na ndearbhuithe comhpháirteacha sin agus bunaithe ar phrionsabail na cuimsitheachta, na cómhalartachta, na hoscailteachta agus na trédhearcachta, chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht, leanfaimid dár n**dlúthchomhar atá chun tairbhe don dá eagraíocht araon**. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar an gcomhar leanúnach maidir leis an idirphlé polaitiúil, le comhroinnt faisnéise, le hoibríochtaí bainistithe géarchéime, le forbairt cumais mhíleata agus soghluaisteacht mhíleata. Déanfaimid doimhniú ar ár gcomhobair ar fheabhas a chur ar an muirshlándáil agus ar chur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear ionramháil eachtrach faisnéise agus daingniú an chibearspáis, agus ar chur chun feidhme an chláir oibre maidir le mná, leis an tsíocháin agus an tslándáil. Thairis sin, cuirfimid leis an gcomhar atá eadrainn maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, an t-athrú aeráide agus cosaint, athléimneacht agus an cianspás.

Chun feabhas a chur ar an **idirphlé polaitiúil**, eagróimid cruinnithe ardleibhéil AE-ECAT ar bhonn níos minice agus níos cuimsithí ina ndíreofar ar shaincheisteanna atá ábhartha ó thaobh straitéise de. Déanfar malartuithe spriocdhírithe a fheabhsú trí chruinnithe comhpháirteacha tráthrialta de Choiste Polaitiúil agus Slándála an Aontais agus de Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh. Gné lárnach dár gcomhpháirtíocht is ea idirghníomhaíochtaí foireann le foireann le ECAT, ach is féidir é sin a threisiú a thuilleadh trí dhlús a chur le cumarsáidí straitéiseacha, trí ráitis chomhpháirteacha a chomhordú agus/nó a ghlacadh agus trí chuairteanna comhpháirteacha a thabhairt ó ionadaithe sinsearacha de chuid an Aontais agus de chuid ECAT. Ba cheart an t-idirphlé agus an comhar a neartú trí mhalartuithe níos minice le ECAT maidir le measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht slándála ó **chomhfheasacht staide** go freachnaimh fadbhreathnaitheachta. I ndáil leis an méid sin, tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann faisnéis neamhaicmithe agus rúnaicmithe a mhalartú.

Leis na **freachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe** arna n-eagrú ag an Aontas agus ag ECAT, is féidir malartú faisnéise a dhéanamh agus feabhas a chur ar ár n-ullmhacht chun dul i ngleic le ceisteanna slándála frithpháirteacha, lena n-áirítear ionsaithe casta hibrideacha. Mar sin féin, ní mór go dtiocfadh éabhlóid ar ár gcur chuige maidir le freachnaimh chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar na treochtaí geopholaitiúla agus teicneolaíocha atá ar siúl faoi láthair. Beidh pléití cásbhunaithe tiomnaithe ríthábhachtach mar aon leis an **tsoghluaisteacht mhíleata** a chuimsiú a thuilleadh i bhfreachnaimh amach anseo. Ba spreagadh ceart le haghaidh comhar feabhsaithe idir an tAontas agus ECAT é dá rachfaí i dtreo **cleachtaí comhpháirteacha cuimsitheacha** agus ba bhealach é freisin chun muinín a chothú, idir-inoibritheacht a fheabhsú agus ár gcomhpháirtíocht a dhoimhniú. Chuige sin, ní mór faisnéis a roinnt go hiomchuí.

Chun an t-iltaobhachas riailbhunaithe agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a urramú, ní mór dúinn ár gcomhpháirtíocht straitéiseach leis na **Náisiúin Aontaithe** (NA) a neartú. Áiritheoimid go mbeidh comhleanúnachas ann le gníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe i réimse na síochána agus na slándála agus tacóimid le cur chun feidhme na moltaí i dtuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Our Common Agenda' [Ár gClár Oibre Comhchoiteann] lena n-áirítear an 'clár oibre nua don tsíocháin'. Cuirfimid dlús suntasach lenár n-idirphlé polaitiúil leis na Náisiúin Aontaithe, trí rannpháirtíocht pholaitiúil agus ráitis chomhpháirteacha ardleibhéil.

Oibrímid i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe i roinnt mhaith suíomhanna trí bhíthin ár misean sibhialtach agus míleata ach is féidir linn níos mó a dhéanamh chun tascanna agus misin na Náisiún Aontaithe a threisiú, bearnaí eatarthu a dhúnadh, iad a ionadú nó a iad a chomhlánú. I ndáil leis sin, neartóimid ár gcomhpháirtíocht straitéiseach leis na Náisiúin Aontaithe maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime, lena n-áirítear tríd an gcomhshraith nua de thosaíochtaí maidir le hoibríochtaí síochána agus bainistiú géarchéime a chur chun feidhme don tréimhse 2022-2024. Áirítear leis sin go háirithe tuilleadh **comhordaithe oibríochtúil** ar an láthair agus comhar i ndáil le pleanáil theagmhasach agus tacaíocht fhrithpháirteach. Bainimid leas iomlán, dá bhrí sin, as an gCreat-Chomhaontú idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le Tacaíocht Fhrithpháirteach dár misin agus dár n-oibríochtaí faoi seach ar an láthair. Leanfaimid freisin den chlár oibre maidir leis na Mná, leis an tSíocháin agus an tSlándáil a chur chun cinn agus feabhsóimid an comhar atá againn maidir le Leanaí i gCoinbhleacht Armtha.

Má tá an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, ní mór go mbeadh cur chuige níos dinimiciúla ann i leith **luathrabhadh, cosc coinbhleachtaí agus idirghabháil**. Le malartú struchtúrtha faisnéise, scanadh ionchais comhpháirteach, fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus anailísí coinbhleachta atá freagrúil ó thaobh inscne de, is féidir linn an leas is fearr a bhaint as ár gcuid eolais agus saineolais. Tá sé sin tábhachtach má táimid chun freagairt ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn amhail an t-athrú aeráide, paindéimí, an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha agus bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear cibirionsaithe agus an bhréagaisnéis.

Neartóimid ár gcomhar leis an **Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip** (ESCE), go háirithe i réimse an choisc coinbhleachtaí agus an bhainistithe géarchéime. Agus naisc oibríochtúla níos dlúithe á bhforbairt leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) sna Balcáin Thiar, i gcomharsanacht an oirthir agus san Áise Láir, féachfaimid conas is féidir leis an Aontas oibriú níos dlúithe le misin ESCE ar an láthair agus an caidreamh atá ag ESCE lena Lárionad um Chosc Coinbhleachtaí a neartú. Leagfar béim ar **bhearta cothaithe muiníne** agus **chomhroinnt faisnéise** maidir le luathrabhadh, cosc coinbhleachtaí, bainistiú géarchéime, rialachas agus athchóiriú i dtaca leis an tslándáil agus cobhsú iarchoinbhleachta. Le gníomhaíochtaí AE-ESCE comhpháirteacha amhail oiliúint agus malartú dea-chleachtas agus le ceachtanna foghlamtha, is féidir an comhar atá eadrainn a chur chun cinn.

Déanfaimid an comhar straitéiseach atá eadrainn leis an **Aontas Afracach** (AA) a neartú a thuilleadh, bunaithe ar an idirphlé polaitiúil agus ar an rannpháirtíocht oibríochtúil ón tSomáil go dtí réigiún na Saiheile. Is féidir é sin a bhaint amach trí chuairteanna comhpháirteacha a thabhairt ar an láthair agus trí chomhordú níos dlúithe a dhéanamh ar leibhéil na pleanála agus an stiúrtha. Féachfaimid le comhpháirtíocht slándála **níos láidre agus níos cothroime** a bheith againn le comhpháirtithe na hAfraice. Chun na críche sin, forbróidh an tAontas naisc oibríochtúla níos dlúithe le heagraíochtaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha amhail Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar (ECOWAS) agus G5 na Saiheile, chomh maith le Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) agus an tÚdarás Idir-rialtasach Forbartha (IGAD). Mar sholáthróir iontaofa slándála, cuirfidh an tAontas feabhas ar a chuid iarrachtaí tacú le tionscnaimh faoi stiúir na hAfraice a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil ar mhór-roinn na hAfraice, lena n-áirítear Oibríochtaí Tacaíochta Síochána atá faoi stiúir na hAfraice. Sa chomhthéacs sin, déanfaimid cur chun feidhme chreat an Aontais Afracaigh maidir le comhlíonadh chearta an duine a chur chun cinn. Forbróimid teagmhálacha idir airm agus teagmháil idir póilíní le comhpháirtithe na hAfraice chun feabhas a chur ar an bhfeasacht staide atá againn. Thairis sin, neartóimid an comhar tríthaobhach idir an tAontas Eorpach, na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas Afracach agus cuirfimid feabhas ar an gcomhordú idir na trí chomhalta ón Afraic (A3) agus Ballstáit an Aontais i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

Agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach ag éirí níos tábhachtaí, beimid ag obair i gcomhar le **Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas** (ASEAN) chun feabhas a chur ar chomhfheasacht agus ar mhalartú faisnéise maidir le hantoisceachas foréigneach, bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, an chibearshlándáil, an mhuirshlándáil, an choireacht thrasnáisiúnta, agus fóirithint dhaonnúil agus tubaistí agus bainistiú géarchéime. D'fhonn ballraíocht iomlán a bhaint amach i bhfoirmíocht Chruinniú Airí Cosanta Plus ASEAN, tapóimid gach deis chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhfheasachta le ASEAN agus cuirfimid lena iarracht socruithe slándála uile-Áise a chur ar bun. Ag obair go háirithe trí Fhóram Réigiúnach ASEAN, cuirfimid a thuilleadh lenár rannchuidiú slándála agus lenár láithreacht sa réigiún **Ind-Chiúin-Aigéanacha**.

Leanfar den chomhar breise a fhorbairt le heagraíochtaí réigiúnacha eile, lena n-áirítear Léig na nArabach (LSA) agus Comhairle Comhair na Murascaille (GCC).

**<u>Comhpháirtíochtaí déthaobhacha saincheaptha</u>**

Beimid i dteagmháil lenár **gcomhpháirtithe déthaobhacha** ar fud an domhain ar bhonn níos comhleanúnaí, níos comhsheasmhaí agus níos cuimsithí, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as ár líonra comhairleoirí míleata agus saineolaithe frithsceimhlitheoireachta i dToscaireachtaí an Aontais agus tríd an líonra sin a neartú. Leanfaimid de **chomhpháirtíochtaí saincheaptha** a chur ar bun ar bhonn luachanna agus leasanna comhroinnte, agus díocas agus saintréithe sonracha ár gcaidrimh atá ann cheana féin á gcur san áireamh. Chun na críche sin, déanfaimid saincheisteanna slándála agus cosanta a chur san áireamh ar bhealach níos córasaí san idirphlé polaitiúil a bheidh againn leis na comhpháirtithe. De bhreis air sin, tionólfaimid **Fóram de chuid an Aontais um Chomhpháirtíocht Slándála agus Cosanta** gach dara bliain chun ár gcomhpháirtithe a thabhairt le chéile. Tabharfar deis leis an bhFóram chun saincheisteanna tráthúla agus téamacha a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint a phlé ar ardleibhéal polaitiúil. Cuirfear ar chumas an Aontais Eorpaigh dá réir comhpháirtithe a thabhairt le chéile agus a dtacaíocht maidir le rannchuidiú an Aontais leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus leis na dúshláin atá romhainn a léiriú. Is é an sprioc atá ann comhpháirtíochtaí a threisiú trí mheon comhchuspóra a chothú. Beidh sé sin ina chuidiú le héifeachtacht na n-iarrachtaí comhordaithe idirnáisiúnta a fheabhsú, agus inchreidteacht agus dlisteanacht ghníomhaíocht an Aontais a neartú ag an am céanna.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint lenár gcomhpháirtíocht leis na **Stáit Aontaithe** agus ní mór dúinn an comhar atá eadrainn maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint a dhoimhniú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh. Táimid ag obair leis na Stáit Aontaithe cheana féin ar fud raon leathan réimsí beartais slándála agus cosanta agus ar an láthair. Ach ní mór dúinn cur leis an móiminteam a cruthaíodh leis an Ráitis ó Chruinniú Mullaigh AE-SAM i mí an Mheithimh 2021. An **t-idirphlé straitéiseach tiomnaithe maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint** idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, is garsprioc thábhachtach é a mhéid a bhaineann le comhdhlúthú na comhpháirtíochta trasatlantaí. Cothófar comhar níos dlúithe a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh dá réir i réimsí amhail a tionscnaimh faoi seach maidir le slándáil agus cosaint, dí-armáil agus neamhleathadh, tionchar na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, an chosaint, an t-athrú aeráide agus an chibearchosaint, an tsoghluaisteacht mhíleata, cur i gcoinne bagairtí hibrideacha lena n-áirítear ionramháil eachtrach ar fhaisnéis, bainistiú géarchéime agus an caidreamh le hiomaitheoirí straitéiseacha.

Déanfaimid an caidreamh cuiditheach atá againn leis an **Iorua**, arb í an comhpháirtí a bhfuil an bhaint is mó againn léi tríd an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus le **Ceanada** a dhoimhniú; leis an gcomhar fadtéarmach atá againn leis na tíortha sin, léirítear an tiomantas comhpháirteach atá againn don tsíocháin agus don tslándáil. Is mór againn an t-idirphlé tiomnaithe maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint leis na comhpháirtithe sin agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo. Táimid fós i bhfabhar go mbeadh teagmháil againn leis **an Ríocht Aontaithe** i dtaca leis an tslándáil agus leis an gcosaint ar bhonn leathan uaillmhianach.

Leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar leis **an Tuirc**, ar rannchuiditheoir í le misin agus oibríochtaí CBSC, i réimsí comhleasa. Táimid tiomanta i gcónaí do chomhpháirtíocht a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, ach chuige sin, tá gá le tiomantas ón Tuirc go gcuirfí leis an gcomhar, go leanfaí den lasair a bhaint den bharrach agus go dtabharfaí aghaidh ar ábhair imní an Aontais, i gcomhréir leis an ráiteas ó chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021.

Táimid tiomanta i gcónaí d'athléimneacht na sochaithe agus na bpróiseas daonlathach, na n-institiúidí polaitiúla agus an bhonneagair chriticiúil sna **Balcáin Thiar** a fheabhsú, mar aon le borradh a chur faoin gcibearshlándáil, cur i gcoinne na bréagaisnéise agus tacú le hiarrachtaí frithsceimhlitheoireachta sa réigiún. Is den ríthábhacht é acmhainn agus athléimneacht shibhialta agus mhíleata a fhorbairt sa réigiún trí bheith ag obair leis na Náisiúin Aontaithe, le ECAT agus leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE). Is díol sásaimh dúinn an rannchuidiú rialta a rinne ár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar le misin agus oibríochtaí CBSC.

I bhfianaise na bagartha ar cheannasacht, ar chobhsaíocht, ar iomláine chríochach agus ar rialachas ár **gcomhpháirtithe san Oirthear**, cuirfimid borradh faoin gcomhar atá eadrainn i réimse na slándála agus na cosanta d'fhonn a n-athléimneacht a láidriú. Leanfaimid de thacaíocht a thabhairt don Úcráin agus dá muintir in éineacht lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí thacaíocht bhreise pholaitiúil, airgeadais, dhaonnúil agus lóistíochta. Mar gheall ar na dúshláin atá roimh an tSeoirsia agus Poblacht na Moldóive, lena n-áirítear cur isteach naimhdeach ón Rúis agus úsáid fhorleathan ionstraimí míleata agus oirbheart hibrideach, cuirtear a gcobhsaíocht agus a bpróisis dhaonlathacha i mbaol agus bíonn impleachtaí díreacha aige sin i dtaobh ár slándála féin. Dá bhrí sin, leanfaimid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na tíortha sin agus athdhearbhaímid go dtacaímid go diongbháilte lena gceannasacht agus lena n-iomláine chríochach agus go bhfuilimid tiomanta don mhéid sin. Ina gcáil mar dhlúth-chomhpháirtithe an Aontais, neartófar idirphléití sonracha agus an comhar leis an Úcráin, leis an tSeoirsia, agus le Poblacht na Moldóive, go háirithe i réimsí amhail cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, an bhréagaisnéis agus an chibearshlándáil. Is mór againn a mhéid a chuireann siad le misin agus oibríochtaí CBSC. Tabharfaimid tacaíocht freisin dár gcomhpháirtithe san Oirthear chun athléimneacht a chothú trí uirlisí éagsúla a úsáid, lena n-áirítear trí bhíthin bearta cúnaimh.

I **gComharsanacht an Deiscirt**, tá méadú tagtha ar dhúshláin dhomhanda agus réigiúnacha, rud a léiríonn cé chomh spleách ar a chéile atáimid agus gur gá comhpháirtíochtaí níos dlúithe a bhunú maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint. Cuirimid i dtreis go háirithe gur bagairtí móra lena ndéantar difear do dhá chósta na Meánmhara agus a bhíonn idirnasctha go minic iad an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an radacú, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha chomh maith leis an gcoireacht eagraithe agus dúshláin mhéadaitheacha maidir leis an imirce neamhrialta. Sa chomhthéacs sin, déanfaimid pacáistí slándála níos cuimsithí a thairgeadh do Chomhpháirtithe Chomharsanacht an Deiscirt atá faoi réir leis an gcomhar a dhoimhniú maidir le réimse saincheisteanna, lena n-áirítear an comhar oibríochtúil. Ina theannta sin, cuirimid i dtreis gur gá infheistíocht an Aontais sa tsíocháin agus sa chobhsaíocht sa Mheánoirthear agus sa Mhurascaill a mhéadú.

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí atá againn fós tá slándáil ár **gcomhpháirtithe Afracacha** a fheabhsú. Bainfimid leas as réimse iomlán uirlisí slándála agus cosanta an Aontais, go háirithe misin agus oibríochtaí míleata agus sibhialtacha, cláir um shíocháin agus cobhsaíocht, bearta cúnaimh agus tacaíocht airgeadais. Tá sé sin níos tábhachtaí fós i bhfianaise láithreacht mhéadaitheach ár n-iomaitheoirí straitéiseacha atá le sonrú ón tSaiheil go Corn na hAfraice. Féachfaimid le hidirphlé slándála agus cosanta agus comhar a bhunú le comhpháirtithe na hAfraice maidir leis na saincheisteanna sin. Nascfaimid ar bhealach níos fearr cúnamh míleata agus athchóiriú struchtúrach, lena n-áirítear bainistiú acmhainní daonna, mar aon le fothú acmhainneachta sibhialtaí agus athchóiriú earnáil na slándála. Cabhróimid lenár gcomhpháirtithe an athléimneacht atá iontu a neartú i gcoinne bagairtí traidisiúnta chomh maith le bagairtí hibrideacha, an bhréagaisnéis agus cibirionsaithe, chomh maith leis an athrú aeráide. Féachfaimid le comhpháirtithe cumasacha san Afraic a rannpháirtiú i misin agus oibríochtaí CBSC chun cur leis an tacaíocht a thugaimid lena n-iarrachtaí i gcoinne na héagobhsaíochta agus na sceimhlitheoireachta.

Trínár straitéis maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, féachfaimid le hailtireacht i dtaca leis an tslándáil réigiúnach atá oscailte agus bunaithe ar rialacha a chur chun cinn, lena n-áirítear línte mara slána cumarsáide, fothú acmhainneachta agus láithreacht chabhlaigh fheabhsaithe sa **réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach**. Bíonn comhairliúcháin chuiditheacha maidir le slándáil agus cosaint againn cheana féin le tíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha amhail an tSeapáin, Poblacht na Cóiré, an India, an Phacastáin agus Vítneam agus déantar comhar eadrainn maidir leis an tslándáil. Is é ár dtiomantas oibriú le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn trí bhíthin comhar oibríochtúil ar an láthair, go háirithe i gcás ina dtacóidh na hiarrachtaí sin le struchtúir agus tionscnaimh réigiúnacha i dtaca leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. Tá sraith **d'fhreachnaimh chabhlaigh chomhpháirteacha agus de chuairteanna ar chalafoirt** curtha i gcrích ag an Aontas, leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré, Djibouti agus, le fíordhéanaí, leis an India. Beidh freachnaimh bheo den sórt sin ina gcleachtas caighdeánach amach anseo agus cuideoidh siad linn a áirithiú go mbeidh an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach slán agus oscailte. Leanfaimid d'idirphlé agus de chomhairliúcháin leis an tSín a shaothrú i gcás ina mbeadh sé sin lenár leas, go háirithe maidir le saincheisteanna amhail urraim do dhlí idirnáisiúnta na mara, réiteach síochánta díospóidí agus ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus cearta daonna.

Ní mór dúinn cur lenár gcomhpháirtíocht le **Meiriceá Laidineach**, ag tógáil ar an idirphlé sonrach maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint leis an gColóim agus leis an tSile. Agus é á aithint gur chuir comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach le misin agus oibríochtaí CBSC, is féidir linn níos mó a dhéanamh as lámh a chéile chun cabhrú leo cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus na coireachta eagraithe agus dul i mbun idirphlé agus gnímh maidir le aeráid agus slándáil agus maidir leis an muirshlándáil. Is é an cuspóir atá againn freisin rannpháirtíocht thíortha Mheiriceá Laidinigh in ár n-iarrachtaí i leith na slándála agus na cosanta san Aontas a chur chun cinn a thuilleadh.

Saothrófar cur chuige **níos saincheaptha agus níos comhtháite maidir le fothú acmhainneachta** na gcomhpháirtithe. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, go háirithe i gcásanna bainistithe géarchéime, oiliúint, comhairle, meantóireacht agus feistiú fhórsaí armtha agus slándála na gcomhpháirtithe. Cé gurb í an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta an phríomhuirlis airgeadais fós chun tacú leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht thar lear agus gur cheart í a úsáid a mhéid is féidir, leis **an tSaoráid Eorpach Síochána** cuirfear lenár n-iarrachtaí cumas cosanta a fhorbairt, rud a chomhlánóidh ár n-iarrachtaí géarchéimeanna a bhainistiú trí CBSC. Ní mór dúinn cúnamh míleata a nascadh ar bhealach níos fearr le fothú acmhainneachta sibhialtaí, le hathchóiriú na hearnála slándála, leis an rialachas, le hurraim don smacht reachta, don dlí idirnáisiúnta agus do chearta an duine, le maoirseacht dhaonlathach agus leis an gcumas freagairt ar bhagairtí hibrideacha, ar an mbréagaisnéis agus ar chibearionsaithe. Is den ríthábhacht go ndéanfar comhordú le cláir agus le hionstraimí an Choimisiúin chun go mbeidh rath ar ár gcuid gníomhaíochtaí.

Is díol sásaimh dúinn **rannchuidiú ár gcomhpháirtithe uile le misin agus oibríochtaí CBSC** agus molaimid dóibh tuilleadh pearsanra agus cumas a chur ar fáil dár misin agus dár n-oibríochtaí mar chuid d'iarracht fhrithpháirteach chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn. Chun na críche sin, cabhróimid lenár gcomhpháirtithe a gcumas a neartú chun rannchuidiú le misin agus oibríochtaí CBSC. In 2021, tá feabhas curtha againn cheana féin ar na módúlachtaí maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit i misin agus oibríochtaí CBSC trí leibhéal níos airde comhroinnte faisnéise a áirithiú ag gach céim den phleanáil.

**Cuspóirí**

Tá sé mar aidhm againn ár gcomhar le comhpháirtithe agus ár bpacáistí comhpháirtíochta a chur in oiriúint a thuilleadh. Déanfaimid an t-idirphlé maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint, ár bhfeasacht staide chomhpháirteach agus ár n-oiliúint chomhpháirteach agus ár bhfreachnaimh chomhpháirteacha a choimeád agus a dhoimhniú. Oibreoimid i gcomhar le comhpháirtithe chun bagairtí hibrideacha, an bhréagaisnéis agus cibirionsaithe a chomhrac. Leis an gcur chuige atá againn, tabharfar aghaidh ar riachtanas na gcomhpháirtithe maidir le fothú acmhainneachta agus tacaíocht.

***Comhaontuithe iltaobhacha***

- Ó 2022 ar aghaidh, ag tógáil ar na Dearbhuithe Comhpháirteacha, déanfaimid ár gcomhpháirtíocht straitéiseach, ár n-idirphlé polaitiúil agus ár gcomhar le **ECAT** a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú a thuilleadh ar fud na réimsí idirbheartaíochta uile a comhaontaíodh, lena n-áirítear príomhghnéithe nua den obair amhail an athléimneacht, teicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn, aeráid agus cosaint agus an cianspás.

- Ó 2022 ar aghaidh, déanfaimid an sraith nua chomhpháirteach de thosaíochtaí don **chomhar idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a chur chun feidhme** (2022-2024), agus go háirithe déanfaimid scanadh ionchais comhpháirteach agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus anailís chomhpháirteach ar choinbhleachtaí atá freagrúil ó thaobh inscne de a chur i gcrích agus déanfaimid an comhordú agus an comhar eadrainn ar an leibhéal polaitiúil agus oibríochtúil a fheabhsú a thuilleadh, mar aon le malartú na faisnéise eadrainn, lena n-áirítear íomhánna satailíte a chur ar fáil trí Lárionad Satailítí an Aontais.

- In 2022, reáchtálfaimid an chéad fhóram débhliantúil maidir le **Comhpháirtíochtaí Slándála agus Cosanta** sa Bhruiséil lena dtabharfar comhpháirtithe iltaobhacha, réigiúnacha agus déthaobhacha le chéile ar chuireadh ón Ardionadaí.

***Réigiúnach***

- Amhail ó 2022, déanfaimid an t-idirphlé polaitiúil a dhoimhniú agus an comhar le **ESCE,** leis an **Aontas Afracach** agus le **ASEAN** a neartú i réimsí amhail cosc coinbhleachtaí, feasacht staide chomhpháirteach agus an athléimneacht. Ina theannta sin, déanfaimid an méid seo a leanas:

- féachaint le treochlár comhpháirteach tiomnaithe, lena ngabhfaidh gníomhaíochtaí nithiúla réigiúnacha agus téamacha, a fhorbairt le **ESCE** maidir le coinbhleachtaí a chosc agus le bainistiú géarchéime;

- An comhar atá eadrainn leis an Aontas Afracach a athnuachan agus a fheabhsú, i gcomhréir leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022. Cuirfimid lenár ár dtacaíocht d'oiliúint leordhóthanach, d'fhothú acmhainneachta agus do threalamh agus do neartú agus do mhéadú oibríochtaí uathrialacha síochána faoi stiúir na hAfraice, lena n-áirítear trí mhisin agus trí bhearta cúnaimh an Aontais, chomh maith le fothú acmhainneachta i bhforfheidhmiú an dlí. Féachfaimid le cuairteanna comhpháirteacha a thabhairt ar an láthair i gcomhar leis an **Aontas Afracach** agus le comhordú níos dlúithe a dhéanamh ar leibhéal na pleanála oibríochtúla agus ar leibhéal an stiúrtha; cuirfimid leis an gcomhar tríthaobhach freisin idir an tAontas Eorpach, an tAontas Afracach agus na Náisiúin Aontaithe.

***Comhaontuithe déthaobhacha***

- Féachfaimid le comhar níos dlúithe a dhéanamh leis **na Stáit Aontaithe** chun tairbhe an dá thaobh. Ó 2022 ar aghaidh, bogfaimid ar aghaidh le hidirphlé tiomnaithe maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint ar bhonn an Ráitis ón gCruinniú Mullaigh i mí an Mheithimh 2021.

- Déanfaimid ár gcomhar leis an **Iorua** agus le **Ceanada** a dhoimhniú ar bhonn an idirphlé atá ann cheana. Táimid fós i bhfabhar go mbeadh teagmháil leis an **Ríocht Aontaithe** maidir le slándáil agus cosaint.

- Neartóimid idirphléití maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint le comhpháirtithe eile sna **Balcáin Thiar**, i **gcomharsanachtaí an oirthir agus an deiscirt**, sa réigiún **Ind-Chiúin-Aigéanach** agus i **Meiriceá Laidineach**. Sa bhreis air sin, déanfaimid an méid seo a leanas go háirithe:

    - Ár gcomhar i dtaca le slándáil agus cosaint le **comhpháirtithe an Oirthir** a neartú d'fhonn a n-athléimneacht a láidriú, lena n-áirítear i gcoinne ionsaithe hibrideacha agus cibearbhagairtí, agus cur leis an tacaíocht shaincheaptha agus fothú acmhainneachta i réimse na slándála agus na cosanta;

    - tacú le hiarrachtaí cur le hathléimneacht ár gcomhpháirtithe sna **Balcáin Thiar**;

    - pacáistí slándála níos cuimsithí a chur ar fáil do chomhpháirtithe i **gcomharsanacht an deiscirt**;

    - féachaint le **comhpháirtithe Afracacha** a chomhlachú a thuilleadh inár n-iarrachtaí i leith na slándála agus na cosanta ar an mór-roinn agus tacú le tionscnaimh faoi stiúir na hAfraice lena gcuirtear leis an tsíocháin agus leis an tslándáil, go háirithe oibríochtaí faoi stiúir na hAfraice i gcomhréir leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach in 2022;

    - freachnaimh bheo mhuirí a reáchtáil faoi 2023 le comhpháirtithe sa réigiún **Ind-Chiúin-Aigéanach** sa bhreis ar níos mó cuairteanna ar chalafoirt agus patról san Aontas Eorpach.

- Agus ár n-iarrachtaí maidir le bainistiú géarchéime á gcomhlánú againn, bainfimid leas iomlán as an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais chomh maith leis an leas a bhainimid as an tSaoráid Eorpach Síochána a mhéadú chun dlús a chur le fothú acmhainneachta agus **oiliúint a chur** ar ár gcomhpháirtithe san Afraic agus iad **a fheistiú**, i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt agus sna Balcáin Thiar agus chun an athléimneacht atá iontu a neartú i gcoinne bagairtí hibrideacha.

- Chun dlús a chur lenár n-iarrachtaí taidhleoireachta idirnáisiúnta i réimse na slándála agus na cosanta, déanfaimid líonra na **gcomhairleoirí míleata** agus na **saineolaithe frithsceimhlitheoireachta** i dToscaireachtaí an Aontais a mhéadú.

## 6. CONCLÚID

Tá athrú gasta, as cuimse ag teacht ar an domhan atá os ár gcomhair. Tá cogadh mór tar éis briseadh amach san Eoraip. Tá bearta á ndéanamh againn, an tAontas Eorpach, láithreach bonn, bearta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá ord slándála na hEorpa agus an domhain á gcosaint againn in éineacht lenár gcomhpháirtithe. Agus tá ár seasamh geopholaitiúil á neartú againn.

Leis an gCompás Straitéiseach seo, sonraítear an chaoi a ndéanfaidh an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit **ár slándáil agus ár gcosaint a neartú**. Sna deich mbliana amach romhainn, tabharfaimid céimeanna as cuimse chun bheith inár soláthraí slándála níos teanntásaí agus níos cinntithí a bheidh níos ullmhaithe chun dul i ngleic le bagairtí agus le dúshláin a bheidh ann amach anseo. Is cuid lárnach dár n-uaillmhian ár gcumas maidir le himscaradh agus ár cumas freachnaimh a reáchtáil agus pleanáil le chéile. Thairis sin, ní mór dúinn a bheith níos athléimní i gcoinne bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus rioscaí a bhaineann leis an aeráid, tubaistí nádúrtha agus paindéimí. Ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh rochtain againn ar réimsí straitéiseacha. Ní mór dúinn infheistíocht níos mó agus níos fearr a dhéanamh. Le hinfheistíochtaí níos spriocdhírithe agus níos comhordaithe i gcumais chosanta agus i sásraí nuálacha maidir leis an gcosaint, cuirfear lenár gcumas gníomhú, agus laghdófar spleáchais straitéiseacha neamh-inmhianaithe. Agus cuirfidh ár gcomhpháirtíochtaí neartaithe lenár tslándáil. Agus an méid sin á chur i gcrích againn, ní mór dúinn sineirgí a áirithiú leis an obair a dhéantar faoin Aontas Slándála agus le beartais agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Choimisiúin.

Tá na gníomhaíochtaí a shonraítear sa Chompás Straitéiseach seo uaillmhianach ach is indéanta iad le tiomantas leanúnach polaitiúil. Sa Chompás seo, cuirtear **peirspictíocht straitéiseach** ar fáil agus sonraítear na huirlisí agus na tionscnaimh a theastaíonn chun gníomhaíocht ón Aontas a áirithiú a bheidh níos gasta, níos cinntithí agus níos stóinsithe. In ainneoin an dul chun cinn suntasach a rinneadh le blianta beaga anuas, tá an tAontas Eorpach trí chéile gann ar threalamh chun dul i ngleic leis na bagairtí agus na dúshláin atá os a chomhair. I bhfianaise na ndúshlán slándála atá ann faoi láthair, ní mór dúinn é sin a athrú go gasta agus an bhearna idir ár mianta agus ár ngníomhaíochtaí a laghdú.

Cuirfidh an tArdionadaí, i gcomhairle leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint tuarascáil bhliantúil ar fáil maidir leis an dul chun atá déanta mar bhonn do chruinniú den Chomhairle Eorpach chun treoir pholaitiúil a chur ar fáil dár n-iarrachtaí. Bunaithe ar an anailísiú athbhreithnithe ar bhagairtí atá beartaithe in 2025 agus ar ghnóthú na bpríomhchuspóirí atá beartaithe, tíolacfaidh an tArdionadaí tograí maidir le 2022a d'fhéadfaí a dhéanamh **ar an gCompás Straitéiseach sin**. Le chéile, cuirfimid ár gcomhchuspóirí i leith na slándála agus na cosanta chun feidhme chun Aontas Eorpach a thógáil a chosnóidh a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuirfidh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta.